



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

31 Deireadh Fómhair 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/2090 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2091 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 511/2012 maidir le fógraí ó na Ballstáit faoi eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus in earnáil na déiríochta 16
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2092 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 maidir le fógraí ó na Ballstáit faoi eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta 18
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2093 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte 21
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2094 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2022 lena sonraítear míreanna teicniúla na dtacar sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le tarchur faisnéise, agus lena sonraítear na socrúithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i réimse an tomhaltais de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 23
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2022 lena suitear bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) laistigh de chríoch an Aontais a chosc agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/138/AE 53

(¹) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

CINNÍ

- ★ **Cinneadh (CBES) 2022/2096 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Ceannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte a cheapadh do Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) (EUMAM Ukraine/1/2022)** 71
- ★ **Cinneadh (CBES) 2022/2097 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Ceannasaí Speisialta Oiliúna a cheapadh le haghaidh Mhisean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) (EUMAM Ukraine/2/2022)** 72
- ★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2098 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 7828) ⁽¹⁾** 73

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/2090 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Deireadh Fómhair 2022

lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ceanglaítear, le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, go nglactar bearta caomhantais agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach agus ag comhlachtaí comhairleacha eile, comhairle ó chomhairlí comhairleacha a bunaíodh do na limistéir gheografacha ábhartha inniúlachta agus moltaí comhphárteacha arna ndéanamh ag na Ballstáit.
- (2) Tá an Chomhairle le bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta sin, de réir mar is iomchuí. Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil deiseanna iascaireachta le cionroinnt i measc na mBallstát ar dhóigh lena n-áiríthítear cobhsaíocht choibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic nó iascaigh.
- (3) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 gurb é cuspóir an Chomhbheartais Iascaigh ráta saothraithe na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2015 i gcás inar féidir agus, ar bhonn forchéimnitheach incriminteach faoi 2020 ar a dhéanaí le haghaidh na stoc uile. Ba é cuspóir na hidirthrímhse go dtí 2020 baint amach na huastáirgeachta inbhuanaithe i gcás na stoc uile a chothromú leis na himpleachtaí socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann le coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar dheiseanna iascaireachta goilmhara.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus impleachtaí bitheolaíocha agus socheacnamaíocha á gcur san áireamh agus cóir chothrom idir earnálacha na hiascaireachta á háirithiú ag an am céanna agus na tuairimí a cuireadh in iúl le linn comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara á gcur san áireamh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

- (5) Le Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (²), bunaítear plean ilbhliantúil le haghaidh na stoc trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt agus maidir leis an iascach a shaothraíonn na stoic sin. Is é is aidhm don plean sin a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíoch na mara pobail na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcás stoic atá faoi réir pleananna ilbhliantúla sonracha, go bhfuil na deiseanna iascaireachta le socrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna pleananna ilbhliantúla sin.
- (6) I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/1139, bhí na deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoic a liostaítear in Airteagal 1 den Rialachán sin le socrú chun an bhásmhaireacht iascaireachta ar an leibhéal uastáirgeachta inbhuanaithe, arna shloinneadh i raonta, a bhaint amach a luaithe is féidir agus, ar bhonn forchéimnitheach agus incriminteach, faoi 2020 ar a dhéanaí. Dá bhrí sin, ba cheart na teorainneacha gabhála is infheidhme in 2023 maidir leis na stoic ábhartha i Muir Bhailt a bhunú i gcomhréir le cuspóirí an phlean ilbhliantúil arna bhunú leis an Rialachán sin.
- (7) D'fhoilsigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) a comhairle bhliantúil stoic maidir le stoic Mhuir Bhailt an 31 Bealtaine 2022, cé is moite dá comhairle maidir le scadáin Mhuir Bhailt thiar, a foilsíodh an 30 Meitheamh 2022. Tugann sí le fios gur tháinig méadú de bheagán ar bhithmhais scadáin Mhuir Bhailt thiar i bhforanna 20 go 24 ICES ach nach bhfuil inti ach 59 % den phointe tagartha teorann maidir le bithmhais stoic sceite (B_{lim}), leibhéal ar faoina bhun a d'fhéadfadh laghdú a bheith ar acmhainn atáirgthe na stoc éisc. Thairis sin, tá an earcaíocht fós ar leibhéal níos ísle ná riamh. Dá bhrí sin, d'fhoilsigh ICES, don 5ú bliain as a chéile, comhairle maidir le gabhála nialasacha le haghaidh scadáin Mhuir Bhailt thiar. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2016/1139, ba cheart gach beart ceartaitheach iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil an stoic éisc lena mbaineann a athbhunú go tapa os cionn na leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglaítear leis an bhforáil sin bearta ceartaitheacha breise a ghlacadh. Dá bhrí sin, in 2022, dúnadh an t-iascach dírithe ar scadáin Mhuir Bhailt thiar agus socraíodh TAC an-íseal le haghaidh foghabhála dosheachanta scadáin Mhuir Bhailt thiar chun feiniméan na "tachtspeiceas" a sheachaint. Mar sin féin, tugadh cead díriú ar scadáin Mhuir Bhailt thiar d'oibríochtaí iascaireachta a dhéantar chun críche imscrúduithe eolaíoch agus chun na críche sin amháin agus a dhéantar go hiomlán i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (³), agus d'iascairí cósta ar mionscála a dhéanann iascaireacht le trealamh áirithe éighníomhacha. I bhfianaise na comhairle ó ICES agus staid na stoc atá gan athrú, is iomchuí leibhéal na ndeiseanna iascaireachta agus na bearta ceartaitheacha a bhfuil nasc feidhmiúil acu leo a choinneáil ar bun.
- (8) A mhéid a bhaineann le stoc throisc Mhuir Bhailt thoir, bhí ICES in ann a chomhairle réamhchúraim a bhunú ar mheasúnú atá níos iomláine ó thaobh sonraí de ó bhí 2019 ann. Measann ICES go leanann bithmhais stoc throisc Mhuir Bhailt thoir de bheith faoi bhun an Blim agus gur ar éigean a tháinig méadú uirthi ó bhí 2021 ann. Dá bhrí sin, d'fhoilsigh ICES, den 4ú bliain as a chéile, comhairle maidir le gabhála nialasacha throisc Mhuir Bhailt thoir. Ó bhí 2019 ann, glacadh dianbhearta caomhantais san Aontas. De bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2016/1139, dúnadh an t-iascach spriocdhírthe ar throisc Mhuir Bhailt thoir agus socraíodh TAC i dtaca le foghabhála dosheachanta throisc Mhuir Bhailt thoir ar leibhéal an-íseal chun feiniméan na "tachtspeiceas" a sheachaint. Thairis sin, glacadh bearta ceartaitheacha breise a bhfuil baint fheidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta i bhfoirm cosc le linn an tséasúir sceite agus toirmeasc ar iascaigh áineasa sa phróimhlímistéar dáileacháin. I bhfianaise na comhairle ó ICES agus staid na stoc atá gan athrú, is iomchuí leibhéal na ndeiseanna iascaireachta agus na bearta ceartaitheacha a bhfuil nasc feidhmiúil acu leo a choinneáil ar bun.
- (9) A mhéid a bhaineann le stoc throisc Mhuir Bhailt thiar, léiríodh i measúnuithe eolaíoch le roinnt blianta go raibh bithmhais an stoic sceite faoi bhun an phointe tagartha, ar faoina bhun a dhéanfar gníomhaíocht shonrach agus iomchuí bainistíochta ($B_{trigger}$). Dá bhrí sin, glacadh bearta bainistíochta atá ag éirí níos déine le blianta beaga anuas. In 2021, chinn ICES measúnú níos doimhne a dhéanamh inar léiríodh go raibh bithmhais stoc throisc Mhuir Bhailt thiar faoi bhun an Blim den chuid is mó le breis agus 10 mbliana. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2016/1139, dúnadh an t-iascach spriocdhírthe ar scadáin Mhuir Bhailt thiar agus socraíodh TAC an-íseal le haghaidh foghabhála dosheachanta scadáin Mhuir Bhailt thiar chun feiniméan na "tachtspeiceas" a sheachaint. Thairis sin, glacadh bearta ceartaitheacha breise a bhfuil baint fheidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta i bhfoirm cosc fadaithe le linn an tséasúir sceite, rud a chumhdaíonn iascaigh áineasa freisin, agus laghdú breise ar an teorainn gabhála laethúil in iascaigh áineasa. In 2022, rinne ICES athbhreithniú anuas ar bhithmhais an stoic agus,

(²) Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus salán i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aighairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1).

(³) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aighairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

d'ainneoin méadú beag anuraidh, meastar go bhfuil an bhithmhais níos lú ná 40 % den Blim. Ós rud é go bhfuil méadú beag tagtha ar mheastacháin earcaíochta agus go bhfuil fachtóirí básmhairreachta breise ann atá doiléir, rud nach bhfuil ICES in ann a chur san áireamh ina shamhail mheasúnaithe faoi láthair, is í an chomhairle maidir leis an mbásmhairreachta iascaireachta a eascraíonn as an uastáirgeacht inbhuanaithe (F_{MSY}) na gabhálacha iomlána a mhéadú. Chuir ICES i bhfios go láidir, áfach, go bhfuil a réamhaisnéis ghearrthéarmach an-éiginnte agus, i bhfianaise na básmhairreachta breise doiléire, gur dócha go bhfanfaidh bithmhais an stoic faoi bhun 66 % ann go bhfanfaidh bithmhais an stoic faoi bhun an Blim in 2024 má shocraítear na deiseanna iascaireachta ag luach an F_{MSY} . Thairis sin, amhail in 2021, ní raibh ICES in ann comhairle ar leith a sholáthar maidir le gabhálacha tráchtála agus áineasa. Mar gheall ar an meath atá ag teacht ar staid na stoc agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis an gcomhairle maidir le gabhálacha ag luach an F_{MSY} , is iomchuí cur chuige réamhchúraim a ghlacadh agus leibhéal na ndeiseanna iascaireachta agus na bearta ceartaitheacha a bhfuil nasc feidhmiúil acu leo a choinneáil ar bun.

- (10) In 2020, mheas ICES go raibh bithmhais scadáin Mhuir Bhailt tar éis titim faoi bhun an Btrigger, agus in 2021 go raibh sí gar don Blim. In 2022, mheas ICES go raibh méadú tagtha ar an mbithmhais ach go raibh sí fós faoi bhun an Btrigger. Bhraith an stoc ar aois-rang na bliana 2019 amháin, agus tá éagsúlacht mhór sa mheastachán ar a neart ó bhí 2020 ann. Is iomchuí, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2016/1139.
- (11) Tá bithmhais scadáin Mhurascaill na Boitnia ag laghdú go leanúnach ó bhí 2010 ann. In 2019, chinn ICES comhairle a sholáthar bunaithe ar an gcur chuige a forbraíodh le haghaidh stoic atá teoranta ó thaobh sonraí de, mar gheall ar chlaonadh cúlghabhálach láidir sa mheasúnú ar stoc. Tar éis mionanailís a dhéanamh, bhí ICES in ann comhairle faoin uastáirgeacht inbhuanaithe a sholáthar arís in 2021. Ba í an chomhairle nuashonraithe le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 a mhéadú go substaintiúil, bunaithe ar an meastachán go raibh méadú ag teacht ar an mbithmhais ar deireadh. Ba í an chomhairle ó ICES le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta a laghdú de bheagán. Mar sin féin, sa chomhairle le haghaidh 2023, rinne ICES athbhreithniú mór anuas ar bhithmhais an stoic. De réir ICES, is é is dóichí gurb í an bhithmhais níos lú sin is cúis leis an laghdú leanúnach ar mhéid na scadáin. Measann ICES go bhfuil bithmhais an stoic díreach os cionn an $B_{trigger}$ anois. Is é an pointe íosta de raon an F_{MSY} an t-aon chás gabhála a mhol ICES a choinneadh an stoc os cionn an $B_{trigger}$ in 2024. I bhfianaise fhorbairt dhiúltach an stoic agus an ghá atá ann nach dtitfidh an stoc faoi bhun an Btrigger, is iomchuí na deiseanna iascaireachta a shocrú ag an pointe íosta den F_{MSY} .
- (12) De réir na comhairle ó ICES maidir leis an leathóg, bíonn troisc á bhfoghhabháil in iascaigh leathóg. De réir na comhairle ó ICES maidir leis an salán, gabhtar saláin in iascach measctha le scadáin agus is speiceas creiche don trosc é. Is iomchuí na hidirghníomhaíochtaí ilspeiceas sin a chur san áireamh agus na deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh leathóg agus salán araon i raon íosta comhfheagraich an F_{MSY} .
- (13) Maidir le bradáin i bhforanna 22 go 31 ICES, tá ICES ag rá le roinnt blianta go raibh stádas stoc na n-aibhneacha an-ilchineálach. In 2021, i ndiaidh anailís dhomhain, mhol ICES gur cheart, chun stoic laga na n-aibhneacha a chosaint, deireadh a chur le gach gabháil tráchtála agus áineasa sa phríomh-imchuach, ar iascaigh mheasctha iad ó nádúr a ghabhann bradáin ó stoic shláintiúla agus stoic laga ó na haibhneacha. Mheas ICES, áfach, go bhféadfaí leanúint den iascach dírithe atá ann cheana i limistéir chósta Mhurascaill na Boitnia agus Mhuir Åland le linn imirce shamhraidh na mbradáin. Dá bhrí sin, socraíodh TAC sonracha le haghaidh foghabhálacha bradán sna limistéir sin, leis an díolúine ó oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíoch a iad, agus chun na críche sin amháin, agus a dhéantar i gcomhréir iomlán leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241; agus leis an díolúine d'iascaigh chósta lastuaidh de dhomhanleithead 59° 30' T idir an 1 Bealtaine agus an 31 Lúnasa. Glacadh bearta ceartaitheacha breise a bhfuil baint feidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta freisin, i bhfoirm srianta ar úsáid spiléar agus teorainn laethúil gabhála in iascaigh áineasa. In 2022, thug ICES a chomhairle ar aghaidh ó 2021. Is iomchuí, dá bhrí sin, leibhéal na ndeiseanna iascaireachta agus na bearta feabhais a bhfuil nasc feidhmiúil acu a choinneáil agus a shoiléiriú ag an am céanna gur cheart don iascaire áineasa scor d'iascaireacht bradán ar feadh an chuid eile den lá tar éis an chéad bhradán eiteghearrtha a ghabháil.
- (14) Chun úsáid iomlán na ndeiseanna iascaireachta cósta a áirithiú, tugadh isteach solúbthacht theoranta idirlimistéir do bhradáin idir foranna 22 go 31 ICES agus foroinn 32 ICES in 2019. I bhfianaise na ndeiseanna iascaireachta gan athrú le haghaidh an dá stoc sin, is iomchuí an tsolúbthacht atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun.
- (15) Toirmeasc a chur ar iascaireacht ar bhric gheala thar cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte agus teorannú a dhéanamh ar fhoghabhálacha breac geal go 3 % den chomhghabháil breac geal agus bradán, bhí ról mór ag an toirmeasc sin agus ag teorannú sin maidir le laghdú substaintiúil ar an míthuiriscíú nach beag a bhí ann roimhe seo ar ghabhálacha san iascach bradán, go háirithe iad siúd a thuiriscítí mar ghabhálacha breac geal. Is iomchuí, dá bhrí sin, an fhoráil ábhartha a choinneáil ar bun chun an míthuiriscíú a choinneáil ag leibhéal íseal.

- (16) Ba cheart bearta maidir le hiascaigh áineasa trosc agus bradán agus bearta chun na stoic breac geal agus bradán a chaomhnú, a bheith gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine faoi Airteagail 19 agus 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.
- (17) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus go háirithe Airteagal 33 de, maidir le gabhálacha agus an iarracht iascaireachta a thairgeadh agus Airteagal 34 de maidir le sonraí i ndáil le hídú deiseanna iascaireachta a tharchur chuig an gCoimisiún. Ba cheart a shonrú sa Rialachán seo, dá bhrí sin, na cóid a bhaineann le stoic a thabhairt i dtír faoi réir an Rialacháin seo atá le húsáid ag na Ballstáit agus sonraí á seoladh chuig an gCoimisiún acu.
- (18) Le Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle ⁽⁵⁾, leagadh síos coinníollacha breise maidir le TACanna a bhainistiú ó bhliain go bliain, lena n-áirítear, faoi Airteagail 3 agus 4 dá chuid, forálacha solúbthachta le haghaidh stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim agus anailíseacha. Faoi Airteagal 2 den Rialachán sin, tá an Chomhairle le cinneadh, agus na TACanna á socrú aici, cé na stoic nár cheart feidhm a bheith ag Airteagail 3 ná 4 maidir leo, go háirithe ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc. Níos déanaí fós, le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 leagtar síos an sásra solúbthachta ó bhliain go bliain le haghaidh na stoc uile atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Dá bhrí sin, chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de phrionsabal shaothrú céillí freagrach bheo-acmhainní bitheolaíoch na mara, a chuirfeadh bac ar ghnóthú chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh agus a chuirfeadh meath ar stádas bitheolaíoch na stoc, ba cheart a chur in iúl go ríshoiléir nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 ná 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le TACanna anailíseacha ach amháin i gcás nach mbaintear leas as an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.
- (19) Tá bithmhais stoc throisc Mhuir Bhailt thoir, throisc Mhuir Bhailt thiar agus scadáin Mhuir Bhailt thiar faoi bhun an Blim agus ní cheadófar ach foghabhálacha, iascaigh eolaíoch agus, i gcás scadáin Mhuir Bhailt thiar, iascaigh chósta áirithe ar mionscála in 2023. Dá bhrí sin, tá gealltanais tugtha ag na Ballstáit a bhfuil sciar cuóta den TAC ábhartha acu gan an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a chur i bhfeidhm maidir leis na stoic sin in 2023, ionas nach rachaidh gabhálacha in 2023 thar an TAC a socraíodh le haghaidh throisc Mhuir Bhailt thoir, scadáin Mhuir Bhailt thiar agus throisc Mhuir Bhailt thiar. Thairis sin, laistias de dhomhanleithead 59° 30' T, tá bithmhais beagnach gach stoc bradán ó na haibhneacha faoi bhun an phointe tagartha teorann do tháirgeadh gealóg (Rlim) agus ní cheadófar ach iascaigh foghabhála agus eolaíoch in 2023. Dá bhrí sin, thug na Ballstáit ábhartha gealltanais comhchosúil maidir le solúbthacht ó bhliain go bliain i ndáil le gabhálacha bradán sa phríomh-imchuach in 2023.
- (20) Le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle ⁽⁶⁾, socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc Ioruach go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022 i roinn 3a ICES, in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais i bhfolimistéar 4, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a. Is ón 1 Samhain go dtí an 31 Deireadh Fómhair a bheidh an tréimhse iascaireachta le haghaidh trosc Ioruach. Chun go bhféadfar tús a chur leis an iascach an 1 Samhain 2022, agus bunaithe ar chomhairle eolaíoch nua agus tar éis dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe, is gá réamh-TAC a shocrú le haghaidh trosc Ioruach i roinn 3a ICES, in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais i bhfolimistéar 4, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022. Ba cheart an réamh-TAC sin a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES a foilsíodh an 7 Deireadh Fómhair 2022.
- (21) Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus leis an bPrótacal a ghabhann leis ⁽⁷⁾, foráiltear go bhfuil an tAontas le 7,7 % den TAC le haghaidh na gcaibeallán (*Mallotus villosus*) a fháil atá le gabháil in uiscí na Graonlainne d'fholimistéir 5 agus 14 ICES. An 7 Deireadh Fómhair 2022, fuair an tAontas faisnéis ó údarais na Graonlainne, tar éis na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil a fháil agus bunaithe ar an gcomhaontú ar thángthas air idir an Ghraonlainne, an Íoslainn agus an Iorua maidir le caibeallán, go raibh a chuóta socraithe ag Rialtas na Graonlainne. I gcomhréir leis an bPrótacal cur chun feidhme, ba mhaith leis an nGraonlainn 7 760 tona

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

⁽⁷⁾ IO L 175, 18.5.2021, lch. 3.

caibeallán a thairiscint don Aontas. Go dtí go nglacfaidh an tAontas leis an tairiscint maidir le caibeallán agus go gcuirfean an tairiscint sin chun feidhme i ndlí an Aontais, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh an stoic sin i Rialachán (AE) 2022/109 a mharcáil “Fós le suí”.

- (22) An 12 Deireadh Fómhair 2022, d’fhoilsigh ICES comhairle eolaíoch nuashonraithe maidir leis an gcolmóir theas i roinn 8c, folimistéirí 9 agus 10 agus uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1. le haghaidh 2022. Is éard atá sa chomhairle eolaíoch nuashonraithe sin comhairle maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe agus tá sí bunaithe ar shamhail mheasúnaithe nua a d’fhorbair ICES le linn tagarmharc le haghaidh an stoic sin a bhí á choinneáil i mí Feabhra 2022. Ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh an stoic sin le haghaidh 2022, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2022/109, a leasú bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch nuashonraithe sin, agus ba cheart an TAC a shocrú i gcomhréir leis an luach is airde laistigh de raon FMSY (“FMSY uachtair”), ós rud é gurb é an colmóir theas na speicis is teorantaí sna hiascaigh mheasctha.
- (23) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/109 a leasú dá réir.
- (24) Chun briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le Muir Bhailt ón 1 Eanáir 2023. Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/109 ón 1 Eanáir 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo a bhaineann leis na teorainneacha gabhála sin ón 1 Eanáir 2022 chomh maith. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le troisc Ioruaigh i roinn 3a ICES, in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023, ós rud é gurb é sin séasúr iascaireachta an troisc Ioruaigh. I bhfianaise an ghá atá ann leanúint de ghníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe agus tús a chur leis na hiascaigh ábhartha in am d’oscailt na séasúr iascaireachta, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo maidir le teorainneacha gabhála do chaibeallán in uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 5 agus 14 ICES ón 15 Deireadh Fómhair 2022 faoi seach. Ós rud é nach bhfuil na deiseanna iascaireachta lena mbaineann ídithe go fóill nó toisc go méadófar iad leis an Rialachán seo, ní dhéantar difear do phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an ionchais dhliteanaigh le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Rialacháin seo. Ar chúiseanna práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc i Muir Bhailt agus leasaítear deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile arna socrú le Rialachán (AE) 2022/109.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn i Muir Bhailt.
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le hiascaigh áineasa i gcás ina dtagraítear go sainráite dóibh sna forálacha ábhartha.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Ina theannta sin, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “foroinn” foroinn de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) de Mhuir Bhailt mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾;
- (2) ciallaíonn “an ghabháil iomlán is incheadaithe” (TAC) líon gach stoic ar ceadmhach a ghabháil in imeacht bliana;
- (3) ciallaíonn “cuóta” an cion den TAC a chionroinntear ar an Aontas, ar Bhallstát nó ar thríú tír;
- (4) ciallaíonn “iascaigh áineasa” gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear acmhainní bitheolaíocha na mara, amhail gníomhaíochtaí le haghaidh áineasa, turasóireachta nó spóirt.

CAIBIDIL II

Deiseanna iascaireachta

Airteagal 4

TACanna agus cionrannta

Leagtar amach san Iarscríbhinn na TACanna, na cuótaí agus na coinníollacha a bhaineann go feidhmiúil leo seo, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 5

Forálacha speisialta maidir le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta

Beidh cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta i measc na mBallstát, mar a leagtar amach iad sa Rialachán seo, gan dochar do na nithe seo a leanas:

- (a) malartuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
- (b) asbhaintí agus ath-chionrannta arna ndéanamh de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- (c) gabhálacha breise arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 nó faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
- (d) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 nó a aistríodh faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
- (e) asbhaintí arna ndéanamh de bhun Airteagal 105 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 6

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

Sainithnítear sna táblaí ábhartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo stoic na speiceas nach spriocspeicis iad laistigh de na teorainneacha bitheolaíocha sábháilte dá dtagraítear in Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 atá incháilithe don mhaolú ar an oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh an chuóta ábhartha.

Airteagal 7

Tréimhsí coiscthe chun sceitheadh trosc a chosaint

1. Beidh toirmeasc ar iascaireacht le haon chineál trealaimh iascaireachta i bhforanna 25 agus 26 ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa.

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach thoir thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 70).

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos i mír 1 sna cásanna seo a leanas:
 - (a) oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíoch a iad, agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéantar na himscrúduithe sin i gcomhréir iomlán leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241;
 - (b) soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar agus a bhíonn ag iascaireacht le heangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin nó líonta traimlí, le doruithe grinneallsocraithe, spiléir, laistigh de ceithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bunlínte, sruthdhoruithe, doruithe láimhe agus trealamh díreoige, nó gléasanna iascaireachta comhchosúla éighníomhacha eile, i limistéir inar lú ná 20 méadar doimhneacht an uisce de réir na gcomhordanáidí ar an gcairt loingseoireachta oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla;
 - (c) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i bhforoinn 25 ar stoic pheiligeacha lena gcaitheamh go díreach ag an duine, a bhfuil trealamh á n-úsáid acu arb ionann méid a mogaill agus 45 mm nó ar lú é ná sin, i limistéir inar lú ná 50 méadar doimhneacht an uisce de réir na gcomhordanáidí ar an muirchairt oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus a ndéantar sórtáil ar na gabhálacha dá gcuid arna dtabhairt i dtír.
3. Beidh toirmeasc ar iascaireacht le haon chineál trealamh iascaireachta i bhforoinn 22 agus 23 ón 15 Eanáir go dtí an 31 Márta, agus i bhforoinn 24 ón 15 Bealtaine go dtí an 15 Lúnasa.
4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos i mír 3 sna cásanna seo a leanas:
 - (a) oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíoch a iad, agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéantar na himscrúduithe sin i gcomhréir iomlán leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241;
 - (b) soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar agus a bhíonn ag iascaireacht le heangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin nó líonta traimlí, le doruithe grinneallsocraithe, spiléir, laistigh de ceithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bunlínte, sruthdhoruithe, doruithe láimhe agus trealamh díreoige, nó gléasanna iascaireachta comhchosúla éighníomhacha eile, i limistéir inar lú ná 20 méadar doimhneacht an uisce de réir na gcomhordanáidí ar an gcairt loingseoireachta oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla;
 - (c) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i bhforoinn 24 ar stoic pheiligeacha lena gcaitheamh go díreach ag an duine, a bhfuil trealamh á n-úsáid acu arb ionann méid a mogaill agus 45 mm nó ar lú é ná sin, i limistéir inar lú ná 40 méadar doimhneacht an uisce de réir na gcomhordanáidí ar an muirchairt oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus a ndéantar sórtáil ar na gabhálacha dá gcuid arna dtabhairt i dtír;
 - (d) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht le dreidirí ar mhoilisc dhébhlaoscacha i bhforoinn 22 i limistéir ar lú doimhneacht an uisce ná 20 méadar de réir na gcomhordanáidí ar an muirchairt oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla.
5. Áiritheoidh máistrí na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2, pointe (b) nó (c), agus mír 4, pointe (b), (c) nó (d), go bhféadfaidh údaráis rialúcháin an Bhallstáit inniúil faireachán a dhéanamh ar a ngníomhaíocht iascaireachta tráth ar bith.

Airteagal 8

Bearta maidir le hiascaigh áineasa trosc i bhforoinn 22 go 26

1. In iascaigh áineasa, ní fhéadfar níos mó ná aon eiseamal amháin den trosc a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae i bhforoinn 22 agus 23, agus i bhforoinn 24 laistigh de sé mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte. Ón 15 Eanáir go dtí an 31 Márta, áfach, beidh toirmeasc ar iascaigh áineasa trosc sna limistéir sin.
2. Toirmeascfar iascaigh áineasa trosc i bhforoinn 24 thar sé mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte, agus i bhforoinn 25 agus 26.
3. Tá an tAirteagal seo gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine faoi Airteagail 19 agus 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 9

Bearta maidir le hiascaigh áineasa bradán i bhforoinn 22 go 31

1. Beidh cosc ar iascaigh áineasa bradán i bhforoinn 22 go 31. Aon eiseamal den bhradán a gabhadh de thaisme, cuirfear ar ais san fharraige láithreach bonn é.

2. De mhaolú ar mhír 1, déanfar iascaigh áineasa bradán a cheadú faoi na coinníollacha carnacha seo a leanas:
 - (a) ní fhéadfar níos mó ná aon eiseamal amháin den bhradán eiteghearrtha saille a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae;
 - (b) tar éis dó an chéad bhradán eiteghearrtha a ghabháil, scoirfidh an t-iascaire áineasa d'iascaireacht bradán ar feadh an chuid eile den lá;
 - (c) déanfar gach eiseamal d'aon speiceas éisc a choinnítear a thabhairt i dtír ina eiseamal iomlán.
3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, déanfar iascaigh áineasa bradán lastuaidh de dhomhanleithead 59° 30' T a cheadú ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa i limistéir laistigh de cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte.
4. Tá an tAirteagal seo gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine faoi Airteagal 19 agus 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 10

Bearta maidir le stoic na mbreac geal agus na mbradán i bhforanna 22 go 32 a chaomhnú

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais bric gheala a iascach thar cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte i bhforanna 22 go 32 ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023. Nuair a bheifear ag iascaireacht bradán thar cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte i bhforoinn 32, ní rachaidh foghabhálacha breac geal thar 3 % den ghabháil iomlán bradán agus breac geal a bheidh ar bord tráth ar bith nó a tugadh i dtír tar éis gach turais iascaireachta.
2. Beidh toirmeasc ar iascaireacht le spiléir thar cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte i bhforanna 22 go 31.
3. Tá an tAirteagal seo gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine faoi Airteagal 19 agus 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 11

Solúbthacht

1. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, tá feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim, agus tá feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus ag Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.
2. Níl feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 12

Tarchur sonraí

Nuair a sheolfaidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le cainníochtaí stoc arna ngabhail nó arna dtabhairt i dtír chuig an gCoimisiún de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL III

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 13

Leasú ar Rialachán (AE) 2022/109

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/109mar a leanas:

- (1) in Iarscríbhinn IA, Cuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh colmóirí (*Merluccius merluccius*) i roinn 8c ICES, i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1:

"Speiceas:	An colmóir <i>Merluccius merluccius</i>	Limistéar:	8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (HKE/8C3411)
An Spáinn	9 021	TAC anailíseach"	
An Fhrainc	866		
An Phortaingéil	4 209		
An tAontas	14 096		
TAC	14 429		

- (2) in Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc Ioruach (*Trisopterus esmarkii*) i roinn 3a ICES, in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais d'fholimistéar 4 ICES agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES:

"Speiceas:	an trosc Ioruach agus foghabhálacha gaolmhara <i>Trisopterus esmarkii</i>		Limistéar:	3a; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (NOP/2A3A4.)
Bliain	2022	2023		
An Danmhairg	49 478 ⁽¹⁾⁽³⁾	24 727 ⁽¹⁾⁽⁶⁾	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	9 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	5 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽⁶⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Ísiltír	36 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	18 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽⁶⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An tAontas	49 524 ⁽¹⁾⁽³⁾	24 750 ⁽¹⁾⁽⁶⁾		
An Ríocht Aontaithe	10 204 ⁽²⁾⁽³⁾	5 250 ⁽²⁾⁽⁶⁾		
An Iorua	0 ⁽⁴⁾	0 ⁽⁴⁾		
Oileáin Fharó	0 ⁽⁵⁾	0 ⁽⁵⁾		
TAC	59 728	30 000		

(1) Féadfaidh suas le 5 % den chuóta a bheith ina bhfoghabhálacha cadóg agus faoitíní (OT2/* 2A3A4). Foghabhálacha cadóg agus faoitíní arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

(2) Ní fhéadfar an cuóta a iascach ach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a, 3a agus 4.

(3) Ní fhéadfar é a iascach ach ón 1 Samhain 2021 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022.

(4) Bainfead úsáid as greille shórtála.

- (5) Bainfead úsáid as greille shórtála. Áirítear leis an méid sin uasmhéid 15 % d'fhoghabhálacha dosheachanta (NOP/*2A3A4), nach mór a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo.
- (6) Ní fhéadfar é a iascach ach ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023."

(3) in Iarscríbhinn IB, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh na gcaibeallán (*Mallotus villosus*) in uiscí na Graonlainne in 5 agus 14:

"Speiceas:	An caibeallán <i>Mallotus villosus</i>	Limis- téar:	Uiscí na Graonlainne in 5 agus 14 (CAP/514GRN)
An Danmhairg	Fós le suí	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	Fós le suí	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An tSualainn	Fós le suí	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
Na Ballstáit uile	Fós le suí ⁽¹⁾		
An tAontas	Fós le suí ⁽²⁾⁽³⁾		
An Iorua	Fós le suí ⁽³⁾		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

- (1) Ní bheidh rochtain ag an Danmhairg, ag an nGearmáin ná ag an tSualainn ar an gcuóta 'na Ballstáit uile' go dtí go mbeidh a gcuóta féin ídithe acu. Ní bheidh rochtain ar bith, áfach, ar an gcuóta 'na Ballstáit uile' ag Ballstáit a bhfuil níos mó ná 10 % de chuóta an Aontais acu. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (CAP/514GRN_AMS).
- (2) Is féidir tús a chur le hiascaireacht nuair a ghlacfaidh an tAontas tairiscint le haghaidh cuótaí den sórt sin ó údaráis na Graonlainne faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile agus an Phrótacaíl cur chun feidhme a ghabhann leis. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh a ngabhálacha an chainníocht a fuarthas ó údaráis na Graonlainne, tar éis na cainníochtaí a aistríodh chuig an Iorua a asbhaint.
- (3) Maidir le tréimhse iascaireachta ón 15 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 15 Aibreán 2023."

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

De mhaolú ar an dara mír:

- (a) Beidh feidhm ag Airteagal 13, pointe (1), amhail ón 1 Eanáir 2022;
- (b) Beidh feidhm ag Airteagal 13, pointe (2), ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023;
- (c) Beidh feidhm ag Airteagal 13, pointe (3), ón 15 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 15 Aibreán 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK

IARSCRÍBHINN

NA TACanna IS INFHEIDHME MAIDIR LE SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS I LIMISTÉIR
ARB ANN DO TACanna INA LEITH DE RÉIR SPEICIS AGUS DE RÉIR LIMISTÉIR

Déantar leis na táblaí seo a leanas na TACanna agus na cuótaí a leagan amach (ina dtonaí beomheáchain, seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt) de réir stoic, agus na coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leo.

Is tagairtí do limistéir ICES iad na tagairtí do limistéir iascaireachta, mura sonraítear a mhalairt.

Tagraítear do stoic éisc de réir ord aibítre ainmneacha eolaíocha an speicis.

Chun críocha an Rialacháin seo, cuirtear an tábla comparáideach seo a leanas, ina gcuimsítear ainmneacha Laidine agus gnáthainmneacha, ar fáil:

Ainm eolaíoch	Cód alpha-3	Gnáthainm
<i>Clupea harengus</i>	HER	An scadán
<i>Gadus morhua</i>	COD	An trosc
<i>Pleuronectes platessa</i>	PLE	An leathóg
<i>Salmo salar</i>	SAL	An bradán Atlantach
<i>Sprattus sprattus</i>	SPR	An salán

Tábla 1

Speiceas:	An scadán <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	Foranna 30-31 (HER/30/31.)
An Fhionlainn	65 627	TAC anailíseach	
An tSualainn	14 420		
An tAontas	80 047		
TAC	80 047		

Tábla 2

Speiceas:	An scadán <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	Foranna 22-24 (HER/3BC+24)
An Danmhairg	110 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	435 ⁽¹⁾	Níl feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Fhionlainn	0 ⁽¹⁾		
An Pholainn	103 ⁽¹⁾	Níl feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An tSualainn	140 ⁽¹⁾		
An tAontas	788 ⁽¹⁾		
TAC	788 ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo. De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfar oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, a dhírú ar an scadán ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir iomlán leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241. De mhaolú ar an gcéad mhír, cheadaítear iascaireacht a dhéanamh ar an gcuóta sin i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar a bhíonn ag iascaireacht le heangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin, doruithe láimhe, eangacha sáinne nó trealamh díreoige. Airitheoidh máistrí na soithí iascaireachta sin go bhféadfaidh údarais rialúcháin an Bhallstáit inniúil faireachán a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta am ar bith.

Tábla 3

Speiceas:	An scadán <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais i bhforanna 25-27, 28.2, 29 agus 32 (HER/3D-R30)
An Danmhairg	1 558	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	413		
An Eastóin	7 957		
An Fhionlainn	15 531		
An Laitvia	1 964		
An Liotuáin	2 068		
An Pholainn	17 645		
An tSualainn	23 686		
An tAontas	70 822		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Tábla 4

Speiceas:	An scadán <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	Foroinn 28.1 (HER/03D.RG)
An Eastóin	21 078	TAC anailíseach	
An Laitvia	24 565	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo.	
An tAontas	45 643		
TAC	45 643		

Tábla 5

Speiceas:	An trosc <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais i bhforanna 25-32 (COD/3DX32)
An Danmhairg	137 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	54 ⁽¹⁾	Níl feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Eastóin	13 ⁽¹⁾	Níl feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Fhionlainn	10 ⁽¹⁾		
An Laitvia	51 ⁽¹⁾		
An Liotuáin	33 ⁽¹⁾		
An Pholainn	159 ⁽¹⁾		
An tSualainn	138 ⁽¹⁾		
An tAontas	595 ⁽¹⁾		
TAC	Ní bhaineann le hábhar ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo. De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfar oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, a dhírú ar an trosc ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir iomlán leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

Tábla 6

Speiceas:	An trosc <i>Gadus morhua</i>	Limistéar:	Foranna 22-24 (COD/3BC+24)
An Danmhairg	214 ⁽¹⁾	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	104 ⁽¹⁾	Níl feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Eastóin	5 ⁽¹⁾		
An Fhionlainn	4 ⁽¹⁾	Níl feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Laitvia	18 ⁽¹⁾		
An Liotuáin	11 ⁽¹⁾		
An Pholainn	57 ⁽¹⁾		
An tSualainn	76 ⁽¹⁾		
An tAontas	489 ⁽¹⁾		
TAC	489 ⁽¹⁾		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo. De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfar oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, a dhíriú ar an trosc ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir iomlán leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

Tábla 7

Speiceas:	An leathóg <i>Pleuronectes platessa</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32 (PLE/3BCD-C)
An Danmhairg	8 105	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	900	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo.	
An Pholainn	1 697		
An tSualainn	611		
An tAontas	11 313		
TAC	11 313		

Tábla 8

Speiceas:	An bradán Atlantach <i>Salmo salar</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-31 (SAL/3BCD-F)
An Danmhairg	13 223 ⁽¹⁾⁽²⁾	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	1 471 ⁽¹⁾⁽²⁾	Níl feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Eastóin	1 344 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾		
An Fhionlainn	16 488 ⁽¹⁾⁽²⁾	Níl feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Laitvia	8 411 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An Liotuáin	989 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An Pholainn	4 011 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tSualainn	17 874 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tAontas	63 811 ⁽¹⁾⁽²⁾		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

⁽¹⁾ Arna shloinneadh de réir líon na n-iasc aonair.

- ⁽²⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo. De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfar oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, a dhíriú ar an mbradán ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir iomlán leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241. De mhaolú ar an gcéad mhír, ceadófar iascaireacht a dhéanamh ar an gcuóta seo i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais ó thuaidh go domhanleithead 59° 30' T i limistéir laistigh de cheithre mhúirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte le linn na tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa.
- ⁽³⁾ Coinníoll speisialta:ní fhéadfar níos mó ná 450 eiseamal den chuóta seo a iascach in uiscí an Aontais i bhforoinn 32 (SAL/*3D32)

Tábla 9

Speiceas:	An bradán Atlantach <i>Salmo salar</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais i bhforoinn 32 (COD/3D32)
An Eastóin	969 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Fhionlainn	8 486 ⁽¹⁾		
An tAontas	9 455 ⁽¹⁾		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		
⁽¹⁾ Arna shloinneadh de réir líon na n-iasc aonair.			

Tábla 10

Speiceas:	An salán <i>Sprattus sprattus</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32 (SPR/3BCD-C)
An Danmhairg	22 107	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	14 006	Tá feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo.	
An Eastóin	25 671		
An Fhionlainn	11 573		
An Laitvia	31 005		
An Liotuáin	11 216		
An Pholainn	65 798		
An tSualainn	42 738		
An tAontas	224 114		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2091 ÓN gCOIMISIÚN**an 25 Lúnasa 2022****lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 511/2012 maidir le fógraí ó na Ballstáit faoi eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus in earnáil na déiríochta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 174(1), pointe (a), 174(2), pointe (a) agus 223(3), pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar síos rialacha sonracha maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe agus tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leith.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, foráiltear go bhfuil ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoina gcinntí aitheantais a dheonú, a dhiúltú nó a aistarraingt le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe le linn na bliana féilire roimhe sin.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos oibleagáidí tuairiscithe áirithe le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí trasnáisiúnta na n-eintiteas sin atá aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 511/2012 ón gCoimisiún ⁽³⁾, leagtar síos, i measc nithe eile, oibleagáidí tuairiscithe i ndáil le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta in earnáil na déiríochta.
- (5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2092 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, déantar foráil maidir le córas fógartha feabhsaithe cuíchóirithe d'eagraíochtaí táirgeoirí náisiúnta agus trasnáisiúnta, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta ar bhealach aonfhoirmeach le haghaidh gach earnála. Dá réir sin, tá feidhm ag na rialacha maidir le fógraí ó na Ballstáit a leagtar síos sa Rialachán sin maidir le faisnéis faoi eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí i ngach earnáil de tháirgí talmhaíochta a liostaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, lena n-áirítear an fhaisnéis a atá ag teastáil faoi Airteagal 21 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus faoi Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 511/2012 a mhéid a bhaineann le hearnáil na déiríochta.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO L 138, 25.5.2017, lch. 57).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 511/2012 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2012 maidir le fógraí a bhaineann le heagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe agus caibidlíocht chonarthaigh agus caidreamh conarthaigh dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle in earnáil na déiríochta (IO L 156, 16.6.2012, lch. 39).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chomhar táirgeoirí (IO L 44, 19.2.2016, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2092 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 maidir le fógraí ó na Ballstáit faoi eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta (Féach leathanach 18 den Iris Oifigiúil seo).

- (6) Chun an cás a sheachaint ina mbeadh ar na Ballstáit an fhaisnéis is gá a sholáthar faoi dhó, is iomchuí Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus (AE) Uimh. 511/2012 a leasú.
- (7) Chun a áirithiú nach gcuirfear isteach ar chúrsaí idir an seanchóras fógartha agus an córas fógartha nua, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, scriostar pointe 2.

Airteagal 2

Scriostar Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 511/2012.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2092 ÓN gCOIMISIÚN**an 25 Lúnasa 2022****lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 maidir le fógraí ó na Ballstáit faoi eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 173(1) agus Airteagal 223(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 leagtar síos rialacha sonracha maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe agus tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leith.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, foráiltear go bhfuil ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoina gcinntí aitheantais a dheonú, a dhiúltú nó a aistarraingt le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe le linn na bliana féilire roimhe sin.
- (3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos na rialacha lena soiléirítear, i measc nithe eile, raon feidhme na bhfógraí ó na Ballstáit don Choimisiún maidir leis na cinní sin.
- (4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ⁽³⁾, leagtar síos an fhaisnéis atá le cuimsiú i dtuarascáil bhliantúil na mBallstát i réimse earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte. D'fhonn aon dúbláil idir na ceanglais fógartha a leagtar síos sa ghníomh seo agus iad siúd a leagtar síos i mbealaí fógartha earnála eile a sheachaint, ba cheart Iarscríbhinn V, Cuid A, pointe 2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a scrios agus ba cheart fógra a thabhairt i leith na faisnéise uile dá dtagraítear inti faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232.
- (5) Leis an gcóras fógartha atá ann faoi láthair dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ní chuirtear ar a chumas don Choimisiún líon iomlán na n-eagraíochtaí táirgeoirí, na gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí agus na n-eagraíochtaí idirchraoibhe arna aithint ag na Ballstáit a shocrú. Is é an fáth leis sin nach gcumhdaítear ach na haitheantais nó na haistarraingtí ón mbliain roimhe sin le fógraí bliantúla na mBallstát. Thairis sin, tá bealaí éagsúla ann a úsáidtear ag brath ar an earnáil talmhaíochta lena mbaineann. Ba cheart an córas iomlán a chuíchóiriú dá bhrí sin agus, go háirithe, ba cheart an tuairisciú maidir leis na cinní aitheantais a fheabhsú.
- (6) I roinnt cásanna, déantar foráil leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) maidir le rialacha sonracha maoiniúcháin agus maolaithe ar chomórtas le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta. Dá bhrí sin, tá an fhaisnéis maidir leis na heintitis aitheanta sin lena n-airítear a líon, tábhachtach ionas gur féidir faireachán agus measúnú a dhéanamh ar éifeacht na mbeart beartais a bhaineann le heintitis aitheanta faoi CBT. Chuige sin, ba cheart faisnéis chruinn a thabhairt maidir le líon iomlán na

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chomhar táirgeoirí (IO L 44, 19.2.2016, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4).

n-eintiteas aitheanta sna Ballstáit leis an bhfaisnéis atá le cur isteach ag na Ballstáit, chomh maith le hainmneacha na n-eintiteas agus, i gcás inarb infheidhme, a n-uimhir aitheantais, lena n-airítear an tásca maidir le cé acu na heintitis sin a chuir clár oibríochtúil chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ le linn na bliana airgeadais roimhe sin.

- (7) I gcás ina mbíonn neamhtháirgeoirí ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí freisin, tá sé tábhachtach líon na n-eagraíochtaí sa chomhaltas iomlán a aithint. Leis sin, cuirtear ar a chumas don Choimisiún teacht ar chonclúidí maidir le treochoí agus forbairtí na margáí agus an faireachán is fearr ar an mbeartas a áirithiú sa deireadh.
- (8) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, tá na Ballstáit le córas an Choimisiúin atá bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise a úsáid nuair a bhíonn fógra á thabhairt acu faoi fhaisnéis agus doiciméid de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus sna gníomhartha a glacadh ar bhonn an Rialacháin sin.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin Tharmhligthe (AE) Uimh. 2016/232 agus (AE) Uimh. 2017/891 a leasú dá réir.
- (10) Chun a áirithiú nach gcuirfeadh isteach ar chúrsaí idir an seanchóras fógartha agus an córas fógartha nua, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5 de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2016/232:

“*Airteagal 5*

Fógraí a thabhairt

1. Faoin 31 Márta gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin bhfaisnéis seo a leanas, ar faisnéis í a bhaineann le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe, bíodh siad náisiúnta nó trasnáisiúnta, arna n-aithint ag na Ballstáit sin (“eintitis aitheanta”) le linn na bliana roimhe sin, agus iad ina ngrúpaí de réir earnálacha éagsúla na dtáirgí talmhaíochta a liostaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013:

- (a) ainm, uimhir aitheantais, agus, más ann dó, dáta aitheantais na n-eintiteas aitheanta, chomh maith le foráil ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 faoina ndearnadh gach eintiteas a aithint;
- (b) líon iomlán chomhaltaí gach eintitis;
- (c) an tásca maidir le cé acu na heintitis sin a chuir clár oibríochtúil chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115 le linn na bliana airgeadais roimhe sin;
- (d) i gcás eagraíochtaí táirgeoirí, líon na gcomhaltaí ar neamhtháirgeoirí iad;
- (e) ainmneacha na n-eintiteas a diúltaíodh a n-aitheantas, a cuireadh a n-aitheantas ar fionraí nó a aistarraingíodh a n-aitheantas, lena n-airítear dáta an chinnidh, agus, i gcás inarb iomchuí, a n-uimhir aitheantais;
- (f) ainmneacha na n-eintiteas aitheanta a chumaisc le heintitis aitheanta eile, lena n-airítear dáta an chumaisc, líon iomlán agus ainm na n-eintiteas aitheanta atá ann mar thoradh ar an gcumasc agus, i gcás inarb iomchuí, a n-uimhir aitheantais.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113).

Faoin 31 Márta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit liosta iomlán cothrom le dáta de na heintitis ar fad a raibh an stádas sin acu an 31 Nollaig an bhliain roimhe sin in iúl don Choimisiún, agus cuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha a liostaítear sa chéad fhómhír leis chomh maith.

2. Faoin 15 Samhain gach bliain, cuirfidh na Ballstáit na sonraí seo a leanas a bhaineann leis an mbliain roimhe sin in iúl don Choimisiún, ar sonraí iad a bhaineann le heagraíochtaí táirgeoirí náisiúnta agus trasnáisiúnta atá aitheanta agus le comhlachais aitheanta de na heagraíochtaí sin, agus iad ina ngrúpaí de réir earnálacha éagsúla na dtáirgí talmhaíochta a liostaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013:

- (a) luach an táirgthe arna mhargú de réir an eintitis, arna shocrú i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 32 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 (*) ón gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh gach táirge nó liosta táirgí a deonaíodh an t-aitheantas ina leith. Mura bhfuil aon fhaisnéis ar fáil maidir le táirgeadh arna mhargú, cuirfear luach “0” in iúl;
- (b) le haghaidh eintitis aitheanta in earnáil na déiríochta, i gcás inarb iomchuí, na méideanna inmhargaidh bliantúla de bhainne amh arna dtáirgeadh ag gach eintiteas, miondealaithe de réir an Bhallstáit táirgthe i gcás eagraíocht thrasnáisiúnta;
- (c) le haghaidh eintitis aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, an chuid den táirgeadh atá beartaithe le haghaidh an mhargaidh úir agus an chuid den táirgeadh atá beartaithe le haghaidh próiseála, i luach agus i méid.

3. I gcás eagraíochtaí aitheanta trasnáisiúnta na n-eintiteas aitheanta uile, an Ballstát a rinne cinneadh maidir leis an aitheantas de bhun Airteagal 4(1), cuirfidh sé an fhaisnéis isteach atá ag teastáil i míreanna 1 agus 2.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin bhfaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo trí úsáid a bhaint as an gcóras atá bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).”

Airteagal 2

I gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, scriostar pointe 2.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2093 ÓN gCOIMISIÚN**an 25 Deireadh Fómhair 2022****lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88 ón gCoimisiún ⁽²⁾, rinneadh próiseálaí bia leictrimheicniúil dar meáchan iomlán 9 kg, darb ionchur cumhachta 1 kW agus babhla dar toilleadh 3,5 l, a aicmiú faoi chód AC 8438 80 99 (“innealra le haghaidh ullmhú nó monarú tionsclaíoch bia nó dí, seachas innealra le haghaidh eastóscadh nó ullmhú saillte nó olaí plandúla do-ghalaithe, ainmhíocha nó miocróbacha”).
- (2) Bhain Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88 le haicmiú earra eile chomh maith, eadhon córas leictreonach le haghaidh príontáil ó shonraí digiteacha, ach rinneadh an chuid sin den Rialachán sin a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 936/1999 ón gCoimisiún ⁽³⁾.
- (3) Sa cholún “Cúiseanna” den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88, rinneadh aicmiú an phróiseálaí bia faoi cheannteideal 8509 mar fhearais tís leictrimheicniúil ina bhfuil mótar leictreach neamhspleách a fhágáil as an áireamh ar an bhforas seo a leanas: “Mar gheall ar chumhacht agus ar thoilleadh an mheaisín seo, ní cineál meaisín é a úsáidtear de ghnáth sa teaghlach agus ní chomhlíonann sé téacs chód AC 8509”.
- (4) Ní thagraíonn ceannteideal 8509 ná Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe (NMCC) a ghabhann leis an gceannteideal sin d’aon tairseach chruinn maidir le cumhacht ná toilleadh. Luaitear an méid seo a leanas in NMCC a ghabhann le ceannteideal 8509: “Ciallaíonn an téarma ‘fearais tís’ sa ceannteideal seo fearais a úsáidtear de ghnáth sa teaghlach. Tá na fearais sin inaitheanta, ag brath ar an gcineál, trí shainghné amháin nó níos mó amhail toisí foriomlána, dearadh, toilleadh, toirt. Is é an tslat tomhais chun na sainghnéithe sin a bhreith nár cheart na fearais atá i gceist a bheith ag oibriú ag leibhéal a sháraíonn riachtanais an teaghlaigh.” Is critéir dhinimiciúla iad sin a fhásann le cois an dul chun cinn theicniúil.
- (5) Faoi láthair, mar thoradh ar an éabhlóid theicniúil, tá go leor próiseálaithe bia a bhfuil a gcumhacht agus a dtoilleadh inchoimparáide le cumhacht agus toilleadh an phróiseálaí bia a aicmítear le Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88, próiseálaí a dearadh go bunúsach le haghaidh úsáid teaghlaigh nó úsáid tís. Nuair a glacadh Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88, ní raibh meaisíní den sórt sin ann lena n-úsáid sa bhaile.
- (6) Sa lá atá inniú ann, is iondúil a úsáidtear an próiseálaí bia a ndéantar cur síos air i Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88 sa teaghlach agus ní (go príomha) chun críoch tionsclaíoch nó tráchtála. Dá bhrí sin, tá a aicmiú mar innealra le haghaidh ullmhú tionsclaíoch nó monarú tionsclaíoch bia nó dí imithe i léig. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88 a aisghairm.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

⁽¹⁾ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.⁽²⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 1988 maidir le haicmiú earraí áirithe san ainmníocht chomhcheangailte (IO L 301, 4.11.1988, lch. 8).⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 936/1999 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 1999 lena leasaítear nó lena n-aisghairtear rialacháin áirithe a bhaineann le haicmiú earraí san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO L 117, 5.5.1999, lch. 9).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3417/88.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2022

*Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Gerassimos THOMAS
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais
Chustaim*

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2094 ÓN gCOIMISIÚN
an 28 Deireadh Fómhair 2022

lena sonraítear míreanna teicniúla na dtacar sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le tarchur faisnéise, agus lena sonraítear na socruithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i réimse an tomhaltais de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, staidreamh atá bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(1), Airteagal 8(3) agus Airteagal 13(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cruinn an suirbhé samplach i réimse an tomhaltais dar teideal an Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh (“HBS”), ba cheart don Choimisiún míreanna teicniúla an tacair sonraí a shonrú, mar aon leis na formáidí teicniúla maidir le tarchur faisnéise agus na socraithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta.
- (2) Is uirlis ríthábhachtach é HBS a úsáidtear chun ualáí a thiomnú le haghaidh táscairí maicreacnamaíocha tábhachtacha, amhail praghasinnéacsanna tomhaltóirí agus na praghasinnéacsanna tomhaltóirí comhchuibhithe mar thomhais boilsithe, agus chun críoch cuntas náisiúnta freisin. Leis na suirbhéanna sin, soláthraítear tuairiscí mionsonraithe ar chaiteachas iomlán teaghlach príobháideach ar thomhaltas trí úsáid a bhaint as tréithe teaghlaigh amhail ioncam, tithíocht agus go leor tréithe déimeagrafacha agus socheacnamaíocha eile. Dá bhrí sin soláthraíonn siad faisnéis faoi dhálaí maireachtála eacnamaíocha agus sóisialta teaghlach agus daoine aonair sna Ballstáit. Úsáidtear an fhaisnéis ó HBS freisin ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs an bheartais cosanta tomhaltóirí.
- (3) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip éilítear beartas tomhaltóirí inbhuanaithe lena gcuirfear ar a gcumas do thomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus ról gníomhach a ghlacadh san aistriú éiceolaíoch ⁽²⁾. Thairis sin, tá sé mar aidhm ag an gComhaontú Glas don Eoraip aistriú cothroima cuimsitheacha a áirithiú, agus aird chuí á tabhairt ar ábhair inmí shóisialta agus ar dháileadh na dtionchar. Tá sé mar aidhm ag an straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc freisin tomhaltas bia inbhuanaithe a chur chun cinn agus an t-aistriú i dtreo aistí bia sláintiúla inbhuanaithe a éascú ⁽³⁾. Ina theannta sin, le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa cuirtear chun cinn bia sláintiúil chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ailse áirithe ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

⁽²⁾ COM (2019) 640.

⁽³⁾ COM (2020) 381.

⁽⁴⁾ COM (2021) 44.

- (4) Chun gur féidir staidreamh náisiúnta maidir le caiteachas ar thomhaltas a chur i gcomparáid le chéile ar bhonn idirnáisiúnta, ní mór aicmithe staidrimh maidir le haonaid chríche, oideachas, gairmeacha agus earnálacha eacnamaíocha a úsáid atá comhoiriúnach le haicmithe NUTS ⁽⁵⁾, ISCED ⁽⁶⁾, ISCO ⁽⁷⁾ agus NACE ⁽⁸⁾. Thairis sin, chun caiteachas ar thomhaltas aonair a thabhaíonn teachlaigh a aicmiú agus a anailísiú de réir a gcuspóra, úsáidfear Aicmiú an Tomhaltais Aonair de réir Cuspóra (“COICOP”) ⁽⁹⁾.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, na formáidí teicniúla maidir le tarchur faisnéise ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat), na socruithe maidir le tarchur agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta i réimse an tomhaltais.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “tréimhse thagartha” an tréimhse lena mbaineann mír áirithe faisnéise,
- (2) ciallaíonn “bliain féilire reatha” bliain féilire an agallaimh,
- (3) ciallaíonn “duine samplach” ball de theaghlach príobháideach atá 16 bliana d’aois ar a laghad an 1 Eanáir den bhliain féilire reatha,
- (4) ciallaíonn “teaghlach samplach” teaghlach príobháideach ina bhfuil duine samplach amháin,
- (5) ciallaíonn “aois” duine an aois i mblianta críochnaithe an 1 Eanáir sa bhliain féilire reatha,
- (6) ciallaíonn “duine tagartha” an ball den teaghlach atá 16 bliana d’aois ar a laghad agus a thugann an chuid is mó d’ollioncam an teaghlaigh”
- (7) ciallaíonn “aonad bailiúcháin” teaghlach nó duine ag a bhfuil saintréithe áirithe a mbaineann an fhaisnéis a bailíodh leis,

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

⁽⁶⁾ An tAicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas 2011, <http://uis.unesco.org/sites/default/files/documents/international-standard-classification-of-education-isced-2011-en.pdf> (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i Spáinnis).

⁽⁷⁾ Moladh 2009/824/CE ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2009 maidir leis an Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Gairmeacha a úsáid (ISCO-08) (IO L 292, 10.11.2009, lch. 31).

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

⁽⁹⁾ Aicmiú Idirnáisiúnta an Tomhaltais Aonair de réir Cuspóra de chuid na Náisiún Aontaithe (COICOP) 2018 https://unstats.un.org/unsd/classifications/business-trade/desc/COICOP_english/COICOP_2018_-_pre-edited_white_cover_version_-_2018-12-26.pdf (nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aighnítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

- (8) ciallaíonn “freagróir teaghlaigh” an duine samplach a bhfaightear faisnéis ar leibhéal an teaghlaigh uaidh,
- (9) ciallaíonn “dialann” teimpléad (leictreonach nó páipéir) ina ndéanann teaghlaigh agus/nó baill den teaghlach taifead ar na míreanna uile tomhaltais agus/nó caiteachais laethúil,
- (10) ciallaíonn “tréimhse thaifeadta” an tréimhse a gcoinníonn an teaghlach agus/nó an duine aonair dialann caiteachais ar thomhaltas lena linn.

Airteagal 3

Coincheapa staidrimh agus tuairisc ar athróga

Úsáidfidh na Ballstáit na coincheapa staidrimh a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

Is éard a bheidh i saintréithe teicniúla na n-athróg na saintréithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II agus déanfar tagairt leo do na nithe seo a leanas:

- (a) aitheantóir na hathróige,
- (b) ainm na hathróige,
- (c) lipéad agus cód na módúlachta,
- (d) an t-aonad bailiúcháin,
- (e) an tréimhse thagartha.

Airteagal 4

Saintréithe na ndaonraí staidrimh agus na n-aonad breathnóireachta agus na rialacha maidir le freagróirí

1. Spriocphobal i réimse an tomhaltais, is é a bheidh ann teaghlaigh phríobháideacha agus na daoine uile sna teaghlaigh sin i gcóir an Bhallstáit.
2. Faisnéis ar leibhéal an teaghlaigh agus an duine aonair, baileofar nó tiomsófar í i gcás na mball uile den teaghlach, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II.
3. Ceadófar agallaimh trí ionadaí.

Airteagal 5

Tréimhsí tagartha

1. Is í aon bhliain féilire amháin an tréimhse thagartha.
2. Is é a bheidh sa tréimhse thagartha maidir le caiteachas ar thomhaltas an bhliain féilire reatha. Má bhailítear caiteachas tomhaltais go cúlghabhálach, i.e. go páirteach sa bhliain roimhe sin, measfar gur tomhas maith ionadach é ar an mbliain reatha.
3. Is é a bheidh sa tréimhse thagartha ioncaim an bhliain féilire reatha, cé is moite de ghlanioncam reatha míosúil teaghlaigh i gcás inarb é an mhí reatha an tréimhse thagartha.
4. Na tréimhsí tagartha maidir le hathróga nach dtagraíonn do chaiteachas ar thomhaltas ná d'ioncam, is é a bheidh iontu na tréimhsí a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 6

Saintréithe mionsonraithe na samplaí

1. Is é a bheidh sa tréimhse thaifeadta 7 lá ar a laghad. Suas le haon mhí amháin a bheidh i gceist mura n-úsáidfeadh modhanna nuálacha chun sonraí a bhailiú. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus a mhéid is gá amháin, ceadófar tréimhse thaifeadta níos faide ná aon mhí amháin.
2. Déanfar tréimhsí taifeadta na dteaghlach nó na ndaoine samplacha a chéimniú thar an tréimhse thagartha chun éifeacht athruithe séasúracha agus athruithe sealadacha eile a chothromú don sampla ina iomláine. Déanfar é sin tríd an sampla a roinnt ar roinnt foshamplaí agus na foshamplaí sin a dháileadh go haonfhoirmeach, ó thaobh na tréimhse taifeadta de, thar an tréimhse thagartha.

3. Déanfar trí iarracht ar a laghad teagmháil a dhéanamh le teaghlach samplach nó le duine samplach sula mbainfear den suirbhé é, seachas sna cásanna seo a leanas:

- (a) níorbh fhéidir an seoladh a aimsiú,
- (b) seoladh neamhchónaithe nó neamháitithe a bhí sa seoladh,
- (c) níor aimsíodh an teaghlach nó an duine ag an seoladh,
- (d) ní raibh an teaghlach ná an duine in ann freagairt (lena n-áirítear mar gheall ar éagumas),
- (e) dhiúltaigh an teaghlach nó an duine go cinnte comhoibriú,
- (f) chuir na himthosca sábháilteacht an agallóra i mbaol.

4. Ceadófar ionadú rialaithe ar theaghlaigh shamplacha nó ar dhaoine samplacha más ann do cheann amháin de na cásanna a liostaítear i míreanna 3 (a) go (f), nó más amhlaidh nár sroicheadh an teaghlach nó an duine samplach tar éis iarracht dul i dteagmháil leo trí huair.

5. Leanfar nósanna imeachta lena áirithiú go rialófar an próiseas ionadúcháin a mhéid is féidir. Áireofar ar nósanna imeachta den sórt sin úsáid a bhaint as dearadh lena n-áirithítear go bhfuil na hionadaigh a roghnaítear ag teacht go dlúth le saintréithe suntasacha na dteaghlach nó na ndaoine a mbeidh siad ag dul ina n-ionad.

6. Tacar na dteaghlach nó na ndaoine samplacha a úsáidfeadh mar ionadaithe, sonrúfar é sula mbaileofar sonraí. Ní úsáidfeadh aon teaghlach ná duine mar ionadaí mura bhfuil sé sa tacar sin.

7. Is féidir codanna beaga de chríoch náisiúnta a chur as an áireamh ó HBS, codanna nach mó ná dhá faoin gcéad den daonra náisiúnta iad.

Airteagal 7

Tréimhsí bailithe sonraí agus modhanna bailithe sonraí

1. Agallamh amháin nó níos mó (agallamh teaghlaigh agus/nó agallaimh aonair) agus dialann(a) maidir le caiteachas ar thomhaltas a choimeádann teaghlaigh agus/nó daoine aonair ar bhonn laethúil a bheidh sna príomhionstraimí suirbhé chun sonraí a bhailiú go díreach ó fhreagróirí. Maidir le caiteachas ar thomhaltas neamhrialta, is féidir sonraí a bhailiú go cúlghabhálach suas le huastréimhse 12 mhí roimh an agallamh. Is féidir uirlisí agus foinsí cliste chomh maith le cláir nó modhanna eile a úsáid chun sonraí a bhailiú.

2. Déanfar sonraí a sholáthraíonn freagróirí go díreach a bhailiú trí mhodh pinn agus páipéir, trí mhodhanna ríomhchuidithe, lena n-áirítear agallaimh ríomhchuidithe duine le duine, agallaimh ríomhchuidithe teileafóin, agallaimh ríomhaire-bhunaithe féinchríochnaithe, agallaimh ríomhchuidithe ghréasáin lena n-áirítear ar tháibléid agus ar fhóin chliste, agus trí fheidhmchláir fóin chliste dúchais.

3. Beidh uainiú an agallaimh chomh gar agus is féidir don tréimhse taifeadta dialainne.

Airteagal 8

Caighdeáin choiteanna maidir le heagarthóireacht, iontráil bharúlach, ualú agus meastachán sonraí

1. Cuirfear iontráil bharúlach, samhaltú nó ualú i bhfeidhm ar na sonraí i gcás inar gá.

2. I gcás ina mbeidh sonraí in easnamh mar thoradh ar neamh-fhreagairt ar ghlanioncam bliantúil iomlán ó na foinsí uile, lena n-áirítear comhpháirteanna neamhairgeadaíochta ar leibhéal an teaghlaigh nó ar leibhéal an duine, cuirfear modhanna iomchuí maidir le hualú staidrimh nó le measúnú bharúlach i bhfeidhm.

3. I gcás ina mbeidh sonraí in easnamh mar thoradh ar neamh-fhreagairt ar athróa chomhpháirte ioncaim, lena n-áirítear comhpháirteanna neamhairgeadaíochta ar leibhéal an teaghlaigh nó ar leibhéal an duine, cuirfear modhanna iomchuí maidir le hualú staidrimh nó le measúnú bharúlach i bhfeidhm.

4. Úsáidfeadh dhá mhodh chun cíós barúlach a mheas, ag brath ar mhéid agus ar struchtúr an mhargaidh tithíochta cíosa náisiúnta: an modh srathaithe, sin nó an modh féinmheasúnaithe. Tabharfar tosaíocht don mhodh srathaithe atá bunaithe ar chíosanna iarbhír (trí eachtarshuíomh díreach nó trí chúlchéimniú eacnaiméadrach). Mura bhfuil margadh cíosa mór go leor ann, úsáidfeadh an modh féinmheasúnaithe.
5. An nós imeachta a chuirtear i bhfeidhm ar na sonraí, caomhnóidh sé an inathraitheacht sna hathróa agus an comhghaol idir athróa. Na modhanna lena n-ionchorpraítear comhpháirteanna earráide sna luachanna barúlacha, beidh siad mar an rogha is fearr ar na modhanna lena n-iontráiltear go barúlach luach tuartha.
6. Modhanna a chuireann struchtúr comhghaol nó tréithe eile de chomhdháileachán na n-athróg san áireamh, beidh siad mar an rogha is fearr ar an gcur chuige imeallach nó aonathráideach.

Airteagal 9

Formáidí chun faisnéis a tharchur

1. Tarchuirfidh na Ballstáit na micreashonraí a chomhlíonann saintréithe na n-athróg mar a shonraítear in Iarscríbhinn II, i bhfoirm leictreonach, chuig an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/1700 agus in Iarscríbhinn V a ghabhann leis. Tarchuirfeadh tomhaltas airgid ar leibhéal COICOP 5 dhigit; Tarchuirfeadh caiteachas ar thomhaltas dílis agus ar thomhaltas trasteorann ar leibhéal COICOP 2 dhigit.
2. Tarchuirfidh na Ballstáit sonraí réamhsheiceáilte chuig an gCoimisiún (Eurostat) i bhfoirm comhad micreashonraí lena n-áirítear ualaí iomchuí, agus bainfeadh úsáid as na caighdeáin maidir le sonraí staidrimh agus meiteashonraí a mhalartú a shocraigh an Coimisiún (Eurostat) agus as an bPointe Iontrála Aonair.

Airteagal 10

Tuairiscíú cáilíochta

1. I dteannta na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/1700 agus Rialachán (AE) 2019/2180 lena sonraítear socruithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta ⁽¹⁾, comhlíonfaidh tuarascálacha cáilíochta na mBallstát na ceanglais a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Tarchuirfidh na Ballstáit meiteashonraí tagartha a bhaineann le cáilíocht a cheanglaítear leis an Rialachán seo chuig an gCoimisiún (Eurostat) trí úsáid a bhaint as na caighdeáin maidir le sonraí staidrimh agus meiteashonraí a mhalartú. Seolfaidh siad na meiteashonraí tríd an bPointe Iontrála Aonair chun é a chur ar a chumas don Choimisiún (Eurostat) na sonraí a aisghabháil trí mheáin leictreonacha.

Airteagal 11

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽¹⁾ IO L 330, 20.12.2019, lch. 8.

IARSCRÍBHINN I

SAINMHÍNITHE AR CHOINCHEAPA STAIRIMH

Tomhaltas de réir aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra (COICOP)

Tomhaltas de réir aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra (COICOP), tá sé bunaithe ar choincheap an chaiteachais teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach i gCóras Cuntas Eorpach, CCE 2010 ⁽¹⁾ a mhéid is infheidhme maidir le réimse an tomhaltais. Tagraíonn sé do chaiteachas a thabhaíonn teaghlaigh phríobháideacha ar earraí agus seirbhísí lena riachtanais nó a mianta a shásamh.

Is samplaí iad seo a leanas de chaiteachas teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach:

- (a) seirbhísí teaghaisí úinéirí-áitithe (cíos barúlach),
- (b) tomhaltas dílis,
- (c) caiteachas ar ítimí nach láimhseáiltear mar thomhaltas idirmheánach, amhail:
 - (1) ábhair a bhaineann le miondeisiúcháin ar theaghaisí agus le maisiúcháin iontu de chineál a dhéanann tionóntaí mar aon le húinéirí,
 - (2) ábhair a bhaineann le deisiúcháin agus le cothabháil earraí marthanacha tomhaltais, lena n-áirítear feithiclí,
- (d) caiteachas ar ítimí nach láimhseáiltear mar fhoirmiú caipitil, go háirithe earraí marthanacha tomhaltais, a leanann dá bhfeidhm a bheith ag feidhmiú ar feadh roinnt tréimhsí cuntasaoíochta; áirítear leis sin aistriú úinéireacht roinnt earraí marthanacha ó ghnóthas go teaghlach,
- (e) seirbhísí airgeadais a mhuirearaítear go díreach agus a úsáideann teaghlaigh chun críche tomhaltais chríochnaithe (is é sin, gan seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach a chur san áireamh),
- (f) seirbhísí árachais de réir shuim an mhuirir seirbhíse iarbhrí,
- (g) seirbhísí maoinithe pinsin de réir shuim an mhuirir seirbhíse iarbhrí,
- (h) íocaíochtaí arna ndéanamh ag teaghlaigh ar cheadúnais, ar cheadanna, etc., a láimhseáiltear mar cheannacháin seirbhísí,
- (i) ceannach aschuir ar phraghsanna nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de, e.g. táillí iontrála ag músaem.

Eisiatar an méid seo a leanas ó chaiteachas teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach:

- (a) aistrithe sóisialta comhchineáil, amhail caiteachas arna thabhtú i dtosach ag teaghlaigh ach arna n-aisíoc ina dhiaidh sin ag an tslándáil shóisialta, e.g. roinnt costas leighis,
- (b) caiteachas ar ítimí a láimhseáiltear mar thomhaltas idirmheánach nó mar ollfhoirmiú caipitil, amhail:
 - (1) caiteachas de chuid teaghlach ar úinéirí gnóthas neamhchorpraithe iad i gcás ina dtabhaítear an caiteachas chun críoch gnó, e.g. ar earraí marthanacha, amhail feithiclí, troscán nó trealamh leictreach (ollfhoirmiú an chaipitil sheasta), agus ar earraí neamh-mharthanacha, amhail breosla (a láimhseáiltear mar thomhaltas idirmheánach),
 - (2) caiteachas arna thabhtú ag úinéir-áititheoir ar mhaisiúcháin, ar chothabháil agus ar dheisiú na teaghaise, is é sin ar obair nach ndéanann tionóntaí de ghnáth (a láimhseáiltear mar thomhaltas idirmheánach agus seirbhísí tithíochta á dtáirgeadh),
 - (3) ceannach teaghaisí (a láimhseáiltear mar ollfhoirmiú caipitil sheasta),
 - (4) caiteachas ar earraí luachmhara (a láimhseáiltear mar ollfhoirmiú caipitil sheasta),
- (c) ítimí a láimhseáiltear mar éadálacha sócmhainní neamhtháirgthe, go háirithe ceannach talún,
- (d) na híocaíochtaí uile sin a dhéanann teaghlaigh agus a mheastar a bheith ina gcánacha,
- (e) aistrithe deonacha in airgead tirim nó aistrithe deonacha comhchineáil arna ndéanamh ag teaghlaigh le carthanais agus eagraíochtaí fóirithinte agus eagraíochtaí cúnaimh.

Déanfar caiteachas na dteaghlach ar thomhaltas críochnaitheach a thairgeadh ag praghsanna na gceannaitheoirí. Is é an praghas sin an praghas iarbhrí a íocann an ceannaitheoir as na táirgí tráth a gceannaigh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

Áirítear an méid seo a leanas le praghas an cheannaitheora:

- (a) cánacha lúide fóirdheontais ar na táirgí (ach gan cánacha asbhainteacha amhail CBL ar tháirgí a áireamh),
- (b) muirir i leith iompair arna n-íoc go leithleach ag an gceannaitheoir chun glacadh leis an seachadadh ag an uair chuí agus ag an ionad cuí,
- (c) asbhaintí i leith aon lascaíní builc nó aon lascaíní ceannacháin seachbhuaice ó na gnáthphraghsanna nó na gnáthmhuirir.

Eisiatar an méid seo a leanas ó phraghas an cheannaitheora:

- (a) ús nó muirir seirbhíse arna gcur faoi shocruithe creidmheasa,
- (b) muirir bhreise arna dtabhtú i gcás íocaíocht dhéanach, nuair a chiallaíonn íocaíocht dhéanach neamhíocaíocht laistigh den tréimhse arna dearbhú tráth na gceannach.

Cíos barúlach

Mar sin, measfar gur ollfhoirmiú caipitil (infheistíocht) a bheidh sa cheannach teaghaise agus ní caiteachas ar thomhaltas, agus, dá bharr sin, ní chuirfear san áireamh é i gcaiteachas teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach. Le húinéireacht teaghaise táirgtear seirbhís, ar dídean í, agus úsáideann na teaghlaigh an tseirbhís sin le himeacht ama. Dá bharr sin, praghas measta na dídine, a mheastar trí chíos a ríomh go barúlach, áireofar é i gcaiteachas teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach. Áireofar é sa chuid neamhairgeadaíochta de chaiteachas teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach toisc nach bhfuil aon idirbheart airgeadaíochta i gceist.

Is foinse ioncaim neamhairgeadaíochta é an cíos barúlach ag an am céanna, agus dá bhrí sin déanfar é a thaifeadadh ar thaobh an ioncaim chomh maith.

Déanfar an cíos barúlach a mheas do na teaghlaigh uile nach dtuairiscíonn go n-íocann siad cíos iomlán, toisc gur úinéir-áititheoirí iad, nó toisc go bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht ar phraghas níos ísle ná praghas an mhargaidh, nó toisc go gcuirtear an chóiríocht ar fáil saor ó chíos.

Ní dhéanfar an cíos barúlach a mheas ach amháin maidir leis na teaghaisí sin (agus aon fhoirgnimh ghaolmhara amhail garáiste) a úsáideann na teaghlaigh mar phríomháit chónaithe.

Is é a bheidh i luach an chíosa bharúlaigh luach measta an chíosa a d'íocfaí ar chóiríocht den chineál céanna, agus fachtóirí amhail an suíomh, áiseanna sa chomharsanacht, etc. á gcur san áireamh, mar aon le méid agus cáilíocht na teaghaise féin. Déanfar an luach sin a laghdú d'aon chíos a íocadh iarbhrí (i gcás ina bhfuil an chóiríocht ar cíos ar phraghas níos ísle ná praghas an mhargaidh) agus a laghdú d'aon ghnáthchothabháil (gás, leictreachas, uisce, etc.), miondeisiúcháin nó mionchaiteachas athfheistithe a dhéanann na teaghlaigh úinéir-áititheoirí ar mhaoin, caiteachas den chineál a dhéanadh tiarnaí talún de ghnáth.

Déanfar ríomh barúlach den chineál céanna i gcás garáistí nach bhfuil ar an suíomh céanna leis na teaghaisí, agus atá á n-úsáid ag an úinéir chun críche tomhaltais chríochnaithe maidir leis an teaghais a úsáid.

Chun luach seirbhísí teaghaise úinéir-áitithe a mheas, úsáidfean an modh srathaithe atá bunaithe ar chíosanna iarbhrí (trí eachtarshuíomh díreach nó trí chúilchéimniú eacnaiméadrach) más féidir.

— Déanfar an stoc teaghaisí a shráthú, más féidir, de réir suímh, chineál na teaghaise agus fachtóirí eile a dhéanann difear don chíos. Úsáidfean faisnéis faoi chíosanna iarbhrí ó theaghaisí ar cíos atá faoi úinéireacht phríobháideach chun meastachán a fháil ar luach cíosa an stoic iomláin teaghaisí. Cuirfear an meánchíos iarbhrí in aghaidh na sraithe i bhfeidhm ar gach teaghais sa tsraith áirithe sin.

— Sainmhínítear an cíos atá le cur i bhfeidhm sa mhodh srathaithe maidir le teaghaisí úinéir-áitithe mar an cíos dlite ar an margadh príobháideach don cheart teaghais *gan troscán* a úsáid. Úsáidfean na cíosanna teaghaisí gan troscán ó na conarthaí *uile* ar an margadh príobháideach chun cíosanna barúlacha a chinneadh. Áirítear cíosanna ar an margadh príobháideach atá ar leibhéal íseal de bharr rialáil a dhéanann an rialtas.

— Mura bhfuil an samplamhéid do na cíosanna breathnaithe mar a shainmhínítear iad thuas sách mór, féadfar cíosanna breathnaithe teaghaisí *le troscán* a úsáid chun críoch na hiontrála barúlaí, ar choinníoll go gcoigeartaítear iad i leith an troscáin. Ar bhonn eiseachtúil, féadfar cíosanna méadaithe teaghaisí atá faoi úinéireacht phoiblí a úsáid freisin. Níor cheart cíosanna ísle teaghaisí a ligtear ar cíos do ghaolta nó d'fhostaithe a úsáid.

In éagmais margadh cíosa atá sách mór, inar teaghaisí úinéir-áitithe iad an chuid is mó den chóiríocht, cuirfear modh an fhéinnmheasúnaithe i bhfeidhm maidir le teaghaisí úinéir-áitithe. Tagraíonn luach an chíosa bharúlaiigh faoin modh seo do luach féinnmheasúnaithe a úsáidtear mar mheastachán díreach ar luach praghsanna margaidh na teaghaise.

Tomhaltas dílis

Tagraíonn tomhaltas dílis d'earraí agus seirbhísí arna dtáirgeadh mar aschur ó ghnóthais neamhchorpraithe atá faoi úinéireacht na dteaghlach agus arna gcoimeád chun críche tomhaltais ag na baill den teaghlach céanna. Seo thíos samplaí de tháirgí a choimeádtar chun críche tomhaltais chríochnaithe dhílis:

- (a) táirgí talmhaíochta arna gcoimeád ag feirmeoirí,
- (b) seirbhísí tithíochta (teaghaise) a tháirgeann úinéir-áititheoirí,
- (c) seirbhísí tí arna dtáirgeadh ag fostaithe ar íocaíocht.

Seirbhísí tí agus seirbhísí pearsanta a tháirgtear agus a úsáidtear laistigh den teaghlach céanna, ní áirítear iad mar tháirgeadh in CEC agus mar thoradh air sin ní bheidh siad ina gcuid de thomhaltas dílis. Is samplaí iad seo a leanas de sheirbhísí tí a tháirgeann teaghlaigh iad féin agus ar seirbhísí iad a eiseofar:

- (a) glanadh, maisiú agus cothabháil na teaghaise a mhéid a bhfuil na tionóntaí freagrach as na gníomhaíochtaí sin,
- (b) glanadh, seirbhísiú agus deisiú earraí marthanacha tí,
- (c) ullmhú agus riar béilí,
- (d) cúram, oiliúint agus teagasc leanaí,
- (e) cúram daoine breoite, daoine easlána nó seandaoine, agus
- (f) iompar ball den teaghlach nó a n-earraí.

Ach meastar gur táirgeadh iad seirbhísí tí agus seirbhísí pearsanta a tháirgeann fostaithe tí ar íocaíocht, agus a dhéanann cuid de chaiteachas ar thomhaltas chríochnaitheach.

Déanfar tomhaltas dílis a thaifeadadh nuair a thógtar an t-aschur a choimeádtar isteach sa teaghlach chun críche tomhaltais chríochnaithe dhílis, agus déanfar é a luacháil ag praghas an cheannaitheora ar tháirgí comhchosúla (earraí nó seirbhísí) a dhíoltar ar an margadh. Déanfar luach na seirbhísí tí agus na seirbhísí pearsanta a tháirgeann fostaithe tí ar íocaíocht a luacháil de réir an chúitimh d'fhostaithe ar íocaíocht; áireofar aon chúiteamh comhchineáil, amhail bia nó cóiríocht, sa luacháil sin.

Caiteachas trasteorann ar thomhaltas

Áirítear i gcaiteachas teaghlaigh ar thomhaltas chríochnaitheach caiteachas teaghlach cónaitheach príobháideach ar thomhaltas, cibé acu sa tír nó ar an gcoigríoch a dhéantar an caiteachas. Tagraíonn caiteachas ar thomhaltas trasteorann don chuid de chaiteachas an teaghlaigh ar thomhaltas a dhéantar thar lear. Cuimsíonn sé na ceannacháin dhíreacha earraí agus seirbhísí uile a dhéanann cónaithe agus iad ag taisteal ar an gcoigríoch chun críoch gnó nó pearsanta. Déanfar idirdhealú idir dhá chatagóir, nach mór iad a láimhseáil ar shlite éagsúla:

- (a) is tomhaltas idirmheánach é an caiteachas ar fad a bhaineann le gnó a dhéanann taistealaithe gnó, agus dá bhrí sin déanfar é a eisiáil ó thomhaltas chríochnaitheach na dteaghlach,
- (b) is caiteachas teaghlaigh ar thomhaltas chríochnaitheach a bheidh sa chaiteachas eile ar fad, is cuma cé acu taistealaithe gnó nó taistealaithe eile a dhéanann é.

Ní chlárófar ach caiteachas trasteorann ar thomhaltas a dhéanfar i bhfoirm airgeadaíochta.

Glanioncam bliantúil iomlán ó na foinsí uile, lena n-áirítear comhpháirteanna neamhairgeadaíochta

Áirítear le glanioncam bliantúil iomlán na dteaghlach ó na foinsí uile glanioncam bliantúil airgeadaíochta ó na foinsí uile, ioncam comhchineáil ó fhostaíocht, ioncam comhchineáil ó ghníomhaíochtaí neamhthuarastail agus cíos measta.

Ba cheart glanioncam bliantúil iomlán na dteaghlach ó na foinsí uile a bheith cothrom le suim ghlanioncam bliantúil iomlán na mball teaghlaigh ó na foinsí uile móide na comhpháirteanna glanioncaim bhliantúil uile ar leibhéal an teaghlaigh.

Glanioncam airgeadaíochta bliantúil ó na foinsí uile

Áirítear le glanioncam airgeadaíochta bliantúil ó na foinsí uile:

- Ioncam fostaí in airgead tirim nó i ngar-airgead.
- Brabúis nó caillteanais airgid ó fhéinfhostaíocht (lena n-áirítear ríchíosanna).
- Ioncam ó mhaoin:
 - a. Ús, díbhinní, brabúis ó infheistíocht chaipitiúil i ngnó neamhchorpraithe,
 - b. Ioncam ó mhaoin nó talamh a ligean ar cíós,
 - c. Pinsin a fhaightear ó phleananna príobháideacha aonair (seachas iad sin atá cumhdaithe faoin gcóras Eorpach staidrimh iomlánaíthe i ndáil le cosaint shóisialta (CESICS)).
- Aistrithe reatha a fuarthas:
 - a. Sochair shóisialta:
 - Liúntais teaghlaigh/leanaí,
 - Liúntais tithíochta,
 - Sochair dífhostaíochta,
 - Sochair seanaoise,
 - Sochair marthanóra,
 - Sochair bhreiteachta,
 - Sochair mhíchumais,
 - Liúntais a bhaineann le hoideachas,
 - Liúntais/sochair maidir le heisiámh sóisialta nach bhfuil aicmithe in aon áit eile,
 - b. Aistrithe airgid idirtheaghlaigh a fuarthas go tráthrialta.
- Ioncam airgid eile a fuarthas.

Ioncam comhchineáil ó fhostaíocht

Tagraíonn ioncam comhchineáil ó fhostaíocht do chomhpháirteanna an ioncaim neamhairgeadaíochta a fhéadfaidh fostóir a sholáthar saor in aisce nó ar phraghas laghdaithe d'fhostaí mar chuid den phacáiste fostaíochta. (Má sholáthraítear aon earraí nó seirbhísí d'úsáid phríobháideach agus d'úsáid oibre araon, ní mór úsáid phríobháideach, mar chion den úsáid iomlán, a mheas agus a chur i bhfeidhm ar an luach iomlán).

Áirítear leis sin:

- carr cuideachta agus costais ghaolmhara (e.g. breosla saor in aisce, árachas gluaisteáin, cánacha agus dleachtanna, de réir mar is infheidhme) a sholáthraítear d'úsáid phríobháideach nó d'úsáid phríobháideach agus d'úsáid oibre araon,
- béilí saor in aisce nó fóirdheonaithe, dearbháin lóin,
- aisíocaíocht nó íocaíocht costas a bhaineann le tithíocht (e.g. billí gáis, leictreachais, uisce, teileafóin nó fóin phóca),
- cóiríocht a sholáthraítear saor in aisce nó ar chíos laghdaithe d'fhostaí mar phríomháit chónaithe nó mar áit chónaithe thánaisteach an teaghlaigh,
- earraí agus seirbhísí eile a sholáthraíonn fostóirí dá bhfostaithe saor in aisce nó ar phraghas laghdaithe, más cuid shuntasach den ioncam ar an leibhéal náisiúnta iad nó más cuid shuntasach d'ioncam grúpaí áirithe teaghlach iad.

Déanfar luach na n-earraí agus na seirbhísí a sholáthraítear saor in aisce a ríomh de réir a margadhluacha. Déanfar luach na n-earraí agus na seirbhísí a sholáthraítear ar phraghas laghdaithe a ríomh mar an difríocht idir an margadhluach agus an méid a d'íoc an fostaí.

Ní áirítear leis:

- an costas ar an bhfostóir aon cheann de na hearraí nó de na seirbhísí sin a sholáthar más gá iad chun a chur ar a gcumas d'fhostaithe a gcuid oibre a dhéanamh,
- seirbhísí cóiríochta san ionad oibre de chineál nach féidir le teaghlaigh na bhfostaithe úsáid a bhaint astu,

- liúntais a íoctar le fostaithe chun go gceannóidh siad uirlisí, trealamh, éadaí, etc. a bhfuil gá leo go heisiach nó go príomha don obair,
- béilí nó deochanna speisialta a bhfuil gá leo de dheasca coinníollacha eisceachtúla oibre,
- aon earraí nó seirbhísí a sholáthraítear d'fhostaithe san áit oibre nó is gá mar gheall ar chineál a gcuid oibre (e.g. scrúdú leighis is gá don obair).

Ioncam comhchineáil ó ghníomhaíochtaí nach n-íoctar tuarastal dóibh

Áirítear ar ioncam comhchineáil ó ghníomhaíochtaí neamhthuarastail aschur chun críche tomhaltais chríochnaithigh dhílis, is é sin earraí agus seirbhísí a tháirgeann teaghlaigh agus a choimeádann siad lena n-úsáid ag bail den teaghlach céanna.

Ní áirítear cíós barúlach ar ioncam comhchineáil ó ghníomhaíochtaí neamhthuarastail.

Cáin ar ioncam agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta

Tagraíonn cáin ar ioncam do chánacha ar ioncam, ar bhrabús agus ar ghnóthachain chaipitil. Déantar measúnú orthu de réir an ioncaim iarbhír nó an ioncaim thiomhdithe atá ag daoine aonair, ag teaghlaigh nó ag aonaid chánach. Áirítear leo cánacha arna measúnú ar shealúchais maoin, talún nó eastáit réadaigh i gcás ina n-úsáidtear na sealúchais mar bhonn chun meastachán a dhéanamh ar ioncam a n-úinéirí. Cánacha a bhaineann le pinsin a fhaightear ó phleananna príobháideacha aonair (seachas na cinn a chumhdaítear faoi CESICS), ba cheart iad a chur san áireamh freisin.

Áirítear an méid seo a leanas i gcánacha ar ioncam:

- cánacha ar ioncam aonair, ioncam teaghlaigh nó ioncam aonaid cánach (ioncam ó fhostaíocht, ó mhaoin, ó fhiontraíocht, ó phinsin, etc.), lena n-áirítear cánacha arna n-asbhaint ag fostóirí (cánacha “íoc mar a thuillir”), cánacha eile ag an bhfoinse agus cánacha ar ioncam úinéirí gnóthas neamhchorpraithe a íocadh i rith na tréimhse tagartha ioncaim,
- aon aisíocaíocht chánach a fuarthas i rith na tréimhse tagartha ioncaim a bhaineann le cáin a íocadh ar an ioncam a fuarthas sa tréimhse thagartha ioncaim nó i mblianta roimhe sin. Ba cheart an luach sin a chur san áireamh mar laghdú ar chánacha a íocadh,
- ús a mhuirearaítear ar riaráistí cánacha dlite agus aon fhíneáil a fhorchuireann údaráis chánachais.

Ní áirítear an méid seo a leanas i gcánacha ar ioncam:

- táillí a íoctar as cearta fiaigh, lámhaigh agus iascaireachta.

IARSCRÍBHINN II

SAINTRÉITHE TEICNIÚLA NA N-ATHRÓG

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	An t-aonad bailiúcháin	An tréimhse thagartha
An topaic mhionsonraithe: FAISNÉIS MAIDIR LE BAILIÚ SONRAÍ					
HA02	Bliain/blianta an tsuirbhé	Bliain/blianta	Bliain/blianta an tsuirbhé	Teaghlach	Reatha
HC04C	Dáta an chéad agallaimh leis an teaghlach	LL/MM/BBBB	Dáta an chéad agallaimh leis an teaghlach	Teaghlach	Reatha
MB03C	Dáta an chéad agallaimh leis an mball den teaghlach	LL/MM/BBBB	Dáta an chéad agallaimh leis an mball den teaghlach	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
HA06	Sraith	1-9999999999998	Aitheantóir na sraithe	Teaghlach	Tráth an roghnaithe
		9999999999999	Ní bhaineann le hábhar		
HA07	An t-aonad samplála príomha	1-9999999999998	Aitheantóir an aonaid samplála tánaistí	Teaghlach	Tráth an roghnaithe
		9999999999999	Ní bhaineann le hábhar		
An topaic mhionsonraithe: AITHEANTAS					
HA04	Uimhir aitheantais an teaghlaigh (comhad teaghlaigh)	Uimhir aitheantais	Aitheantas an teaghlaigh	Teaghlach	Reatha
MA04	Uimhir aitheantais an teaghlaigh (comhad baill den teaghlaigh)	Uimhir aitheantais	Aitheantas an teaghlaigh	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
MA05	Uimhir aitheantais an teaghlaigh (comhad baill den teaghlach)	Uimhir aitheantais	Uimhir aitheantais	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
HA13	Uimhir aitheantais an bhaill den teaghlach a fhreagraíonn an ceistneoir teaghlaigh	Uimhir aitheantais	Uimhir aitheantais an duine a fhreagraíonn an ceistneoir teaghlaigh	Teaghlach	Reatha
An topaic mhionsonraithe: UALAÍ					
HA10	Ualach deiridh	Ualach	Ualach deiridh	Teaghlach	Reatha

An topaic mhionsonraithe: TRÉITHE AN AGALLAIMH

HA11	Modh agallaimh a úsáideadh (agallamh teaghlaigh)	1	Agallamh páipéarchuidithe duine le duine (PAPI)	Teaghlach	Reatha
		2	Agallamh ríomhchuidithe duine le duine (CAPI)		
		3	Agallamh ríomhchuidithe teileafóin (CATI)		
		4	Agallamh ríomhchuidithe gréasáin (CAWI)		
		5	Modh cliste		
		6	Eile		
		9	Ní bhaineann le hábhar		
MA11	Modh agallaimh a úsáideadh (agallamh aonair)	1	Agallamh páipéarchuidithe duine le duine (PAPI)	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
		2	Agallamh ríomhchuidithe duine le duine (CAPI)		
		3	Agallamh ríomhchuidithe teileafóin (CATI)		
		4	Agallamh ríomhchuidithe gréasáin (CAWI)		
		5	Modh cliste		
		6	Eile		
		9	Ní bhaineann le hábhar		
HA12	Modh agallaimh a úsáideadh (dialann)	1	Agallamh páipéarchuidithe duine le duine (PAPI)	Teaghlach	Reatha
		2	Agallamh ríomhchuidithe duine le duine (CAPI)		
		3	Agallamh ríomhchuidithe teileafóin (CATI)		
		4	Agallamh ríomhchuidithe gréasáin (CAWI)		
		5	Modh cliste		
		6	Eile		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: LOGÁNÚ					
MB012	Tír chónaithe	Cód SCL GEO	Tír chónaithe	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
HA08	Réigiún cónaithe	NUTS (2 dhigit)	Réigiún (2 dhigit)	Teaghlach	Reatha
HA09	Leibhéal an uirbithe	1	Cathracha	Teaghlach	Reatha
		2	Baile agus bruachbhailte		
		3	Ceantair thuaithe		
An topaic mhionsonraithe: DÉIMEAGRAFAÍOCHT					
MB02	Inscne baill den teaghlach	1	Fireann	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
		2	Baineann		
MB03	Aois (i mblianta críochnaithe) an bhaill teaghlaigh	Aois	Aois	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
		Fágтар bán	Ní luaitear		
MB03A	Bliain bhreithe an bhaill teaghlaigh	Bliain	Bliain bhreithe	Na baill uile reatha den teaghlach	Seasmhach
		Fágтар bán	Ní luaitear		
MB03B	Bhí breithlá an bhaill teaghlaigh ann tráth an agallaimh	1	Is ea	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
		2	Ní hea		
		Fágтар bán	Ní luaitear		
MB04	Stádas pósta an bhaill teaghlaigh	1	Gan bheith pósta riamh agus gan bheith i bpáirtnéireacht chláráithe riamh	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Pósta nó i bpáirtnéireacht chláráithe		
		3	Baintreach nó le páirtnéireacht chláráithe a chríochnaigh le bás an pháirtí (nár athphósadh nó i bpáirtnéireacht chláráithe nua)		

		4	Scartha nó le páirtnéireacht chláráithe a díscaoileadh go dlíthiúil (nár athphósadh nó i bpáirtnéireacht chláráithe nua)		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: SAORÁNACHT AGUS CÚLRA IMIRCE

MB01	Tír bhreithe	Cód SCL GEO	Tír bhreithe	Na baill uile reatha den teaghlach	Seasmhach
		77	Rugadh iad an gcoigríoch ach ní fios cén tír bhreithe		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		99	Ní bhaineann le hábhar		
MB011	Tír na príomhshaoránachta	Cód SCL GEO	Tír na príomhshaoránachta	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
		66	Gan stát		
		77	Saoránacht eachtrach ach ní fios cén tír		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		99	Ní bhaineann le hábhar		
MB01F	Tír bhreithe an athar	Cód SCL GEO	Tír bhreithe	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Seasmhach
		77	Rugadh an t-athair ar an gcoigríoch ach ní fios an tír bhreithe		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		99	Ní bhaineann le hábhar		
MB01M	Tír bhreithe na máthar	Cód SCL GEO	Tír bhreithe	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Seasmhach
		77	Rugadh an mháthair ar an gcoigríoch ach ní fios an tír bhreithe		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		99	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: COMHDHÉANAMH TEAGHLAIGH

MBGRIDXX	An ghreille tí ⁽¹⁾			Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
		10	Páirtnéir (leibhéal íseal)		
		11	Fear céile/bean chéile/ páirtnéir sibhialta (leibhéal ard)/ <i>roghnach</i>		
		12	Páirtnéir/ comhchónaitheoir (leibhéal ard)/ <i>roghnach</i>		
		20	Mac/iníon (leibhéal íseal)		
		21	Mac/iníon nádúrtha/ uchtaithe (leibhéal ard)/ <i>roghnach</i>		
		22	Leasmhac/leasiníon nádúrtha/uchtaithe (leibhéal ard)/ <i>roghnach</i>		
		30	Cliamhain/ banchliamhain (leibhéal íseal nó ard)		
		40	Garleanbh (leibhéal íseal nó ard)		
		50	Tuismitheoir (leibhéal íseal)		
		51	Tuismitheoir nádúrtha/uchtaithe (leibhéal ard)/ <i>roghnach</i>		
		52	Leastuismitheoir (leibhéal ard)/ <i>roghnach</i>		
		60	Tuismitheoir céile (leibhéal íseal nó ard)		
		70	Garthuismitheoir (leibhéal íseal nó ard)		
		80	Deartháir/Deirfiúr (leibhéal íseal)		
		81	Deartháir/deirfiúr nádúrtha (leibhéal ard)/ <i>roghnach</i>		
		82	Leasdeartháir/ leasdeirfiúr (leibhéal ard)/ <i>roghnach</i>		

⁽¹⁾ I gcás athróg na Greille Tí, soláthrófar cóid mhódúlachta 10, 20, 30, 40, 50, 60, 70, 80, 90, 95 ar an leibhéal sonraí íseal ar a laghad. Tá an leibhéal sonraí ard roghnach.

		90	Gaol eile (leibhéal íseal nó ard)		
		95	Duine eile nach gaol é/i (leibhéal íseal nó ard)		
		Fághtar bán	Ní luaitear (leibhéal íseal nó ard)		
MB042	Páirtnéirí atá ina gcónaí sa teaghlach céanna	1	Duine atá ina chónaí le páirtnéir dlíthiúil nó le páirtnéir de facto	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Duine nach bhfuil ina chónaí le páirtnéir dlíthiúil nó le páirtnéir de facto		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: MÍCHUMAS AGUS AN MODÚL EORPACH ÍOSTA MAIDIR LE SLÁINTE

MH01	Sláinte ghinearálta féinbhraite	1	An-mhaith	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Maith		
		3	Measartha (gan bheith maith ná dona)		
		4	Dona		
		5	An-dona		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		
MH02	Fadhbanna sláinte atá ann le fada	1	Is ea	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Ní hea		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		
MH03	Teorainn le gníomhaíochtaí mar gheall ar fhadhbanna sláinte	1	An-teoranta	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Teoranta ach ní go tromchúiseach		
		3	Gan bheith teoranta ar chor ar bith		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: STÁDAS PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTA (FÉIN-SAINMHÍNITHE)

ME01A	Stádas príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe)	1	Fostaithe	Na baill uile reatha den teaghlach	Reatha
		2	Dífhostaithe		
		3	Ar scor		
		4	Gan bheith in ann oibriú mar gheall ar fhadhbanna sláinte atá ann le fada		
		5	Dalta nó mac léinn		
		6	Cúraimí tí a dhéanamh		
		7	Sa tseirbhís mhíleata, shibhialtach éigeantach		
		8	Eile		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: SAINTRÉITHE POIST BUNÚSACHA

ME0908	Gairm sa phríomhphost	ISCO-08	ISCO ar leibhéal 2 dhigit	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		99	Ní bhaineann le hábhar		
ME04	Gníomhaíocht eacnamaíoch an aonaid áitiúil (príomhphost)	NACE	NACE ar leibhéal 2 dhigit	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		99	Ní bhaineann le hábhar		
ME02	Príomhphost: lánaimseartha nó páirtaimseartha (féin-sainmhínithe)	1	Post lánaimseartha	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Post páirtaimseartha		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		
ME12	Stádas fostaíochta sa phríomhphost	1	Duine féinfhostaithe le fostaithe	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Duine féinfhostaithe gan fostaithe		
		3	Fostaí		
		4	Oibrí teaghlaigh gan phá		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

ME13	Earnáil gairme an bhaill teaghlaigh	1	Fostaí san earnáil phoiblí	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Fostaí san earnáil phríobháideach		
		Fágтар bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: GNÓTHACHTÁIL AGUS CÚLRA OIDEACHAIS

MC01	Leibhéal gnóthachtála oideachais is airde	0	Gan oideachas foirmiúil nó faoi bhun ISCED 1	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		1	ISCED 1 Bunoideachas		
		2	ISCED 2 Oideachas meánscoile íochtaráí		
		3	ISCED 3 Oideachas meánscoile uachtaráí		
		4	ISCED 4 Oideachas iar-mheánscolaíochta neamhthreasach		
		5	ISCED 5 Oideachas treasach i dtimthriall ghearr		
		6	ISCED 6 Baitsiléir nó leibhéal coibhéiseach		
		7	ISCED 7 Máistreacht nó leibhéal coibhéiseach		
		8	ISCED 8 Dochtúireacht nó leibhéal coibhéiseach		
		Fágтар bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: COMHDHÉANAMH TEAGHLAIGH - SONRAÍ SONRACHA BREISE

HB05	Méid teaghlaigh	1-99	Líon iomlán na mball teaghlaigh	Teaghlach	Reatha
		Fágтар bán	Ní luaitear		

HB075	Cineál teaghlaigh	1	Teaghlach duine amháin	Teaghlach	Reatha
		2	Tuismitheoir aonair ag a bhfuil leanbh amháin ar a laghad faoi bhun 25 bliana d'aois		
		3	Tuismitheoir aonair a bhfuil a leanaí uile 25 bliana d'aois nó níos sine		
		4	Lánúin gan aon leanbh		
		5	Lánúin ag a bhfuil leanbh amháin ar a laghad faoi bhun 25 bliana d'aois		
		6	Lánúin a bhfuil a leanaí uile 25 bliana d'aois nó níos sine		
		8	Cineál teaghlaigh eile		
		Fágтар bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: PRÍOMHSHAINTRÉITHE TITHÍOCHTA

HD01	Stádas tionachta teaghlaigh	1	Úinéir gan morgáiste gan íoc	Teaghlach	Reatha
		2	Úinéir le morgáiste gan íoc		
		3	Tionónta, cíós ar an bpraghas margaidh		
		4	Tionónta, cíós ar phraghas laghdaithe		
		5	Tionónta nach n-íocann cíós		
		Fágтар bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		
HD03	Cineál teaghaise	1	Teach scoite	Teaghlach	Reatha
		2	Teach leathscote nó sraithe		
		3	Árasán i bhfoirgneamh ina bhfuil níos lú ná 10 dteaghais		

		4	Árasán i bhfoirgneamh ina bhfuil 10 dteaghais nó níos mó		
		5	Cóiríocht de chineál éigin eile		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		
HD06	Líon seomraí atá ar fáil don teaghlach	1-9.9	Líon seomraí	Teaghlach	Reatha
		10	10 seomra nó níos mó		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		99	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: RANPHÁIRTÍOCHT I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ OIDEACHAIS FHOIRMIÚIL (REATHA)

MC02A	Ranpháirtíocht in oideachas agus oiliúint fhoirmiúil (mac léinn nó printíseach)	1	Is ea	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Ní hea		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		
MC02B	Leibhéal na gníomhaíochta oideachais nó oiliúna foirmiúla reatha/is déanaí	0	Gan oideachas foirmiúil nó faoi bhun ISCED 1	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		1	ISCED 1 Bunoideachas		
		2	ISCED 2 Oideachas meánscoile íochtaraí		
		3	ISCED 3 Oideachas meánscoile uachtaraí		
		4	ISCED 4 Oideachas iar-mheánscolaíochta neamhthreasach		
		5	ISCED 5 Oideachas treasach i dtimthriall ghearr		
		6	ISCED 6 Baitsiléir nó leibhéal coibhéiseach		
		7	ISCED 7 Máistreacht nó leibhéal coibhéiseach		

		8	ISCED 8 Dochtúireacht nó leibhéal coibhéiseach		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhhar		

An topaic mhionsonraithe: FAD AN CHONARTHA

ME03A	Buaine an phríomhphoist	1	Conradh scríofa buan	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Reatha
		2	Conradh buan ó bhéal		
		3	Conradh scríofa téarma shocraithe		
		4	Conradh téarma shocraithe ó bhéal		
		Fághtar bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhhar		

An topaic mhionsonraithe: IONCAM BLIANTÚIL IOMLÁN AG LEIBHÉAL NA nDAOINE AGUS NA dTEAGHLACH

MF099	Glanioncam bliantúil iomlán ó na foinsí uile, lena n-áirítear comhpháirteanna neamhairgeadaíochta (comhad baill)	0-9999999999999999	Ioncam (airgeadra náisiúnta)	Na baill teaghlaigh uile reatha os cionn 16 bliana d'aois	Bliain féilire reatha
		Fághtar bán	Ní luaitear		
HH099	Glanioncam bliantúil iomlán ó na foinsí uile, lena n-áirítear comhpháirteanna neamhairgea- daíochta	0-9999999999999999	Ioncam (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
		Fághtar bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: PRÍOMHCHODANNA IONCAIM

HH011	Glanioncam míosúil reatha an teaghlaigh	0-9999999999999999	Ioncam (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Mí reatha
		Fághtar bán	Ní luaitear		
HH095	Glanioncam airgeadaíochta bliantúil ó na foinsí uile	0-9999999999999999	Ioncam (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
		Fághtar bán	Ní luaitear		

HH012	Ioncam comhchineáil ó fhostaíocht	0-999999999999999	Ioncam (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
		Fágtar bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: IONCAM COMHCHINEÁIL Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ NACH N-ÍOCTAR TUARASTAL DÓIBH

HH023	Ioncam comhchineáil ó ghníomhaíochtaí nach n-íoctar tuarastal dóibh	0-999999999999999	Ioncam (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
		Fágtar bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: CÍOS BARÚLACH

HH032	Cíos barúlach	0-999999999999999	Cíos barúlach (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
		Fágtar bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: PRÍOMHFHOINSE IONCAIM

HI11	Príomhfhoinse ioncaim	1	Pá nó tuarastal	Teaghlach	Bliain féilire reatha
		2	Ioncam ó fhéinfhostaíocht		
		3	Ioncam ó mhaoin		
		4	Pinsin, sochair scoir		
		5	Sochair dífhostaíochta		
		6	Sochair reatha eile agus ioncam eile		
		Fágtar bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: GNÉITHE RACHMAIS, LENA N-ÁIRÍTEAR ÚINÉIREACHT TEAGHAISE

HW10	Luach na príomháite cónaithe	1-999999999999999	Luach (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Reatha
		Fágtar bán	Ní luaitear		

HW20	Coigilteas (i ngnáthmhí)	1	Cuireann an teaghlach airgead ar leataobh	Teaghlach	Reatha
		2	Ní mór don teaghlach coigilteas a úsáid		
		3	Ní mór don teaghlach airgead a fháil ar iasacht		
		4	Ní chuireann an teaghlach airgead ar leataobh ná ní gá dó coigilteas a úsáid nó airgead a fháil ar iasacht		
		Fágтар bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: CÁNACHA AGUS RANNÍOCAÍOCHTAÍ

HW30	Cáin ar ioncam agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta	-99999999-99999999	Cánacha (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
		Fágтар bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: FIACHA

HW40	Iomlán atá fágtha le haisíoc as an morgáiste ar an bpríomhát chónaithe	0-999999999999	Méid atá fágtha le haisíoc (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Reatha
		Fágтар bán	Ní luaitear		
HW50	Aisíocaíochtaí míosúla príomhshuime agus úis as an morgáiste	0-99999999.99	Aisíocaíochtaí príomhshuime agus úis an mhorgáiste (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Reatha
		Fágтар bán	Ní luaitear		

An topaic mhionsonraithe: RIARÁISTÍ

HW60	Riaráistí	1	Is ea	Teaghlach	Reatha
		2	Ní hea		
		Fágтар bán	Ní luaitear		
		9	Ní bhaineann le hábhar		

An topaic mhionsonraithe: TOMHALTAS DE RÉIR AICMIÚ TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR CUSPÓRA (COICOP) ⁽²⁾

HE01A	Bia agus deochanna neamh-mheisciúla	0-99999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE02A	Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh	0-99999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha

(²) Tomhaltas airgeadaíochta trí thomhaltas aonair a aicmiú de réir cuspóra, tarchuirfead é ar leibhéal COICOP 5 dhigit

HE03A	Éadaí agus coisbheart	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE04A	Tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE05A	Fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE06A	Sláinte	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE07A	Iompar	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE08A	Faisnéis agus cumarsáid	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE09A	Áineas, spórt agus cultúr	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE10A	Seirbhísí oideachais	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE11A	Bialanna agus seirbhísí cóiríochta	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE12A	Árachas agus seirbhísí airgeadais	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE13A	Cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha

An topaic mhionsonraithe: TOMHALTAS DÍLIS

HE01B	Bia agus deochanna neamh-mheisciúla	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE02B	Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh	0-9999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha

HE03B	Éadaí agus coisbheart	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE04B	Tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE05B	Fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE06B	Sláinte	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE07B	Iompar	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE08B	Faisnéis agus cumarsáid	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE09B	Áineas, spórt agus cultúr	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE10B	Seirbhísí oideachais	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE11B	Bialanna agus seirbhísí cóiríochta	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE12B	Árachas agus seirbhísí airgeadais	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HE13B	Cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha	0-999999999999999	Méid (in airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha

An topaic mhionsonraithe: CAITEACHAS TRASTEORANN AR THOMHALTAS DE RÉIR COICOP

HJ01	Bia agus deochanna neamh-mheisciúla	0-999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ02	Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh	0-999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha

HJ03	Éadaí agus coisbheart	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ04	Tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ05	Fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ06	Sláinte	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ07	Iompar	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ08	Faisnéis agus cumarsáid	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ09	Áineas, spórt agus cultúr	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ10	Seirbhísí oideachais	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ11	Bialanna agus seirbhísí cóiríochta	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ12	Árachas agus seirbhísí airgeadais	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HJ13	Cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha	0-9999999999999999	Caiteachas (airgeadra náisiúnta)	Teaghlach	Bliain féilire reatha

An topaic mhionsonraithe: MÉIDEANNA ^(?) (roghnach)

HQ01	Bia agus deochanna neamh-mheisciúla	0-9999999999999999.-9	Méid	Teaghlach	Bliain féilire reatha
HQ02	Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh	0-9999999999999999-.9	Méid	Teaghlach	Bliain féilire reatha

(?) Tarchuirfeadh méideanna do na grúpaí "Bia agus deochanna neamh-mheisciúla" agus "Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh" ar leibhéal COICOP 5 dhigit.

IARSCRÍBHINN III

SOCRUITHE MIONSONRAITHE AGUS ÁBHAR NA DTUARASCÁLACHA CÁILÍOCHTA

- (1) Tarchuirfidh na Ballstáit tuarascáil cháilíochta chuig an gCoimisiún (Eurostat) de réir na rialacha a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/1700 agus Rialachán (AE) 2019/2180 lena sonraítear socruithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta ⁽¹⁾.
- (2) Cuirfeadh na Ballstáit san áireamh an fhaisnéis shonrach seo a leanas sa tuarascáil cháilíochta i réimse an tomhaltais.

CUR I LÁTHAIR STAIRIMH

Tuairisc ar shonraí

- Teideal an tsuirbhé ar an leibhéal náisiúnta, bliain an tsuirbhé, nasc chuig suíomh gréasáin an tsuirbhé

Córais aicmiúcháin

Liosta den leagan den aicmiú a úsáideadh sna sonraí, agus aon imeacht ó chaighdeáin staidrimh Eorpacha nó ó chaighdeáin idirnáisiúnta.

Coincheapa agus sainmhínte staidrimh, lena n-áirítear an tréimhse thagartha

- Liosta na gcoincheap agus na n-athróg a imíonn ó na sainmhínte caighdeánacha, ina luaitear na coincheapa náisiúnta a úsáidtear agus aon difríochtaí idir na coincheapa náisiúnta agus na sainmhínte caighdeánacha faoi seach
- Déanfar caiteachas ar thomhaltas a ríomh mar chaiteachas teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach; tabharfar tuairisc ar aon imeacht ón sainmhíniú caighdeánach sin
- Modh chun cíos barúlach a ríomh (modh srathaithe/cúlchéimnithe lena sonraítear an cineál samhla/cúlchéimnithe a úsáideadh agus na hathróa a úsáideadh; modh féinmheasúnaithe).
- Modh chun ioncam agus comhpháirteanna ioncaim a ríomh/a iontráil go barúlach, más infheidhme

PRÓISEÁIL STAIRIMH

Sonraí foinse

- Tuairisc ar fhoinsé na sonraí a úsáideadh chun an fráma samplála a thógáil (e.g. an clár daonra, an clár teaghlach, an clár cónaithe, an daonáireamh, suirbhé eile, etc.), minicíocht an nuashonraithe agus bliain an nuashonraithe is deireanaí ar fhoinsé na sonraí, agus an modh a úsáideadh chun an fráma samplála a fháil nó a chruthú. Luafar ainm an tsuirbhé i gcás inar úsáideadh suirbhé eile mar fhoinsé sonraí.
- Maidir leis an dearadh samplach:
 - Más rud é nach ionann an t-aonad samplála deiridh agus an teaghlach príobháideach, tuairisceofar é sin.
 - Modhanna chun samplaí a dhearadh (e.g. sampláil randamach shimplí; sampláil chórasach; sampláil srathaithe; sampláil bhraisle, sampláil ilchéimneach, meascán de dhearaí). Má úsáideann na Ballstáit sampláil srathaithe, déanfar na critéir srathaithe agus fo-srathaithe a thuairisciú. Má úsáideann na Ballstáit sampláil ilchéimneach, tabharfar tuairisc ar na céimeanna éagsúla agus ar na dóchúlachtaí comhfhreagracha (cothrom, éagothrom, comhréireach le méid). Má úsáideann na Ballstáit meascán de dhearaí, tabharfar tuairisc ar na dearaí a úsáideadh.
- Méid an tsampla

⁽¹⁾ IO L 330, 20.12.2019, lch. 8.

Bailiú sonraí

- Tuairisc ar na modhanna a úsáideadh chun an t-agallamh a dhéanamh (e.g. PAPI, CATI, CAPI, CASI, CAWI ^(?), agus/nó foinsí eile amhail cláir, suirbhéanna eile, bealaí cliste bailiúcháin sonraí bunaithe ar aipeanna móibíleacha, etc.) Liostófar na hathróa a bhaileofar bunaithe ar fhoinsí eile.
- Tuairisc ar na modhanna a úsáideadh chun dialann caiteachais tomhaltais a thiomsú (e.g. dialann pinn agus pinn luaidhe, dialann ríomhaire-bhunaithe, dialann ghréasáin, admhálacha clárúcháin airgid, scanadh admhálacha, cártaí dílseachta, sonraí riaracháin, aipeanna móibíleacha agus/nó foinsí eile chun sonraí a bhailiú ar bhealach cliste, etc.)

Tiomsú sonraí

- Ualaí teaghlaigh: Ba cheart tuairisc a thabhairt ar leithligh ar gach céim den ualú: ualaí dearaidh; coigeartuithe ualúcháin i gcomhair neamhfhreagartha, coigeartuithe ualúcháin ar fhoinsí sonraí seachtracha (teicnící calabrúcháin a úsáidtear, leibhéal agus athróa a úsáidtear don choigeartú), aon choigeartuithe ualúcháin eile (e.g. bearradh, códú barr (bun) dháileadh an ualaigh chun coigeartú de réir asluiteach); ualaí deiridh.
- I gcás ina n-úsáidtear iontráil bharúlach, liostófar aon athróg bharúlach, tabharfar tuairisc ar an nós imeachta iontrála barúlach a úsáideadh agus míneofar na cúiseanna leis an iontráil bharúlach. Déanfar an líon luachanna barúlacha mar chéatadán de líon iomlán na luachanna breathnaithe a thuairisciú do gach athróg ioncaim agus comhpháirte ioncaim, lena n-áirítear ioncam comhchineáil ó ghníomhaíochtaí neamhthuarastail, ar leibhéal an teaghlaigh agus ar leibhéal pearsanta araon.

CRUINNEAS AGUS IONTAOFACHT

Earráid samplála

- Sloinnfear riachtanais maidir le beachtas de réir earráidí caighdeánacha an táscaire “An céatadán teaghlach ar mó ná 50 % dá gcaiteachas iomlán an méid a chaitheann siad ar chatagóirí a bhaineann le tithíocht lena n-áirítear uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile”, agus sainmhínítear iad mar fheidhmeanna leanúnacha an mheastacháin iarbhrí agus mhéid an daonra staidrimh i dtír mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2019/1700 i réimse an tomhaltais.
- I gcás an chaiteachais iomláin ar thomhaltas (HE00) agus chaiteachas COICOP 2 dhigit ar leibhéal tomhaltais (HE01 go HE13), déanfar an meán, an líon iomlán barúlacha agus na hearráidí caighdeánacha a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta.
- Tabharfaidh tíortha tuairisc ar an modheolaíocht chun na meastacháin bheachtas a ríomh. I gcás ina sroictear na ceanglais bheachtas trí mhicreashonraí maidir le trí bliana as a chéile ar a mhéad de luachanna breithnithe a chomhcheangal, i gcomhréir le pointe 8 d'Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2019/1700, tabharfaidh tíortha tuairisc ar na modhanna malartacha ábhartha a úsáideadh chun an beachtas a mheas agus a mheasúnú.

Earráid neamhshamplála

Earráid tomhais

Tabharfar tuairisc ar na foinsí éagsúla earráidí tomhais is dócha a gheofar sa suirbhé. Áirítear leis sin:

- Tuairisc ar an gceistneoir agus ar dhearadh na dialainne agus ar thástáil na rudaí sin,
- Tuairisc ar oiliúint agallaimh (e.g. líon na laethanta oiliúna, tástáil scileanna sula gcuirtear tús leis an obair allamuigh (ráta ratha, etc.)),
- Faisnéis maidir le staidéir chun tionchar an agallóra a sheiceáil, amhail athagallaimh, staidéir seiceála taifid, nó turgnaimh samplaí scoilte (má tá siad ar fáil), agus torthaí ó shamhlacha (má tá siad ar fáil).

(?) PAPI – agallamh traidisiúnta pinn agus páipéir duine le duine; CATI – agallamh ríomhchuidithe teileafóin; CAPI – agallamh ríomhchuidithe duine le duine; CASI – agallamh ríomhaire-bhunaithe féinchríochnaithe; CAWI – agallamh ríomhchuidithe gréasáin.

Earráid neamhfhreagartha

Neamhfhreagairt aonaid

— Déanfaidh na Ballstáit rátaí neamhfhreagartha teaghlaigh a ríomh mar a leanas:

Ríomhfar rátaí neamhfhreagartha teaghlaigh (NRh) mar a leanas:

$$\text{NRh} = (1 - (\text{Ra} * \text{Rh})) * 100,$$

Inarb é:

Ra an ráta teagmhála don seoladh agus ríomhtar é mar *Líon na seoltaí ar éirigh dul i dteagmháil leo roinnte ar Líon na seoltaí bailí a roghnaíodh*,

Rh an cion d'agallaimh teaghlaigh chríochnaithe ar glacadh leo don bhunachar sonraí, agus ríomhtar é mar *Líon na n-agallamh teaghlaigh a comhlánaíodh agus a glacadh don bhunachar sonraí roinnte ar Líon na dteaghlach incháilithe ag seoltaí teagmhála*.

- I gcás na mBallstát sin ina ndéantar ionadú rialaithe i gcás aonad neamhfhreagartha, déanfar rátaí neamhfhreagartha a ríomh roimh an ionadú agus ina dhiaidh.
- Miondealuithe ar neamhfhreagróirí de réir saintréithe agus cúiseanna le neamhfhreagairt a mhéid atá siad ar fáil.
- Tuairisc ar aon bheart a glacadh chun neamhfhreagairt a cheartú, agus measúnú ar aon deacracht indéreach a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis (e.g. calabrú a bhfuil páirt ag ualaí arda agus luaineacha).
- Má chuirtear ionadú rialaithe i bhfeidhm i gcásanna aonaid neamhfhreagartha agus faoi fhorálacha Airteagal 6(4), (5), (6) agus (7), soláthrófar rátaí ionadúcháin chomh maith le tuairisc ar an modh chun ionadaithe a roghnú, príomhthréithe na n-aonad ionadach i gcomparáid leis na haonaid bhunaidh, dáileadh na n-aonad ionadach (bunaidh) de réir líon na n-iarrachtaí teagmháil a dhéanamh ag seoladh, glacadh le hagallamh/dialann teaghlaigh, agus toradh ceistneora/dialainne teaghlaigh.
- Líon na dteaghlach a ndeachthas i dteagmháil leo roimh an ionadú agus ina dhiaidh.
- Líon na dteaghlach a d'fhreagair roimh an ionadú agus ina dhiaidh.
- Ní mór méid an ollshampla, líon na n-aonad incháilithe agus méid glan an tsampla, lena n-áirítear aonaid ionadacha (an méid sampla atá bainte amach) a sholáthar.

Ítim neamhfhreagartha

I gcás na n-athróg Greille Tí, Aois (i mblianta críochnaithe) an bhaill teaghlaigh, Stádas príomhghníomhaíochta (féinsainmhíneithe), na hathróa ioncaim agus comhpháirte ioncaim uile, Príomhfhoinsé ioncaim, Stádas Tionachta Teaghlaigh, soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas:

- Céatadán de theaghlaigh (in aghaidh na hathróige a bailíodh nó a tiomsaíodh ar leibhéal na dteaghlach) nó céatadán na ndaoine (in aghaidh na hathróige a bailíodh nó a tiomsaíodh ar leibhéal pearsanta) a fuair méid do gach athróg,
- Céatadán de theaghlaigh (in aghaidh na hathróige a bailíodh nó a tiomsaíodh ar leibhéal na dteaghlach) nó céatadán na ndaoine (in aghaidh na hathróige a bailíodh nó a tiomsaíodh ar leibhéal pearsanta) dá bhfuil luachanna in easnamh (roimh iontráil bharúlach) i gcás gach athróige a bailíodh nó a tiomsaíodh ar leibhéal na dteaghlach/ar an leibhéal pearsanta. Athróa a tógadh/a bhailítear ó roinnt athróa comhpháirte i gcás ina bhfuil luach in easnamh roimh iontráil bharúlach i gcás comhpháirt amháin ar a laghad ar leibhéal teaghlaigh/leibhéal pearsanta, déanfar iad a láimhseáil mar athróa a bhfuil luachanna in easnamh iontu sula ndéanfar an iontráil bharúlach i gcás an teaghlaigh/an duine sin.

Earráid phróiseála

- Faisnéis atá le soláthar maidir le haon earráid phróiseála agus maidir leis an tionchar atá acu ar bhailiú deiridh na sonraí, torthaí a eascraíonn as cur chun feidhme lochtach na modhanna cur chun feidhme atá pleanáilte i gceart. Tabharfar cuntas ar na príomhearráidí a bhraitear sa phróiseas iarbhailiúcháin sonraí.

- Tuairisc ar na seiceálacha cáilíochta (e.g. rialuithe iontrála sonraí, rialuithe códúcháin, etc.) agus ar an bpróiseas eagarthóireachta sonraí (e.g. tuairisc ar na príomhrialacha eagarthóireachta sonraí maidir le caiteachas tomhaltais agus athróa ioncaim).
- Tabharfar tuairisc ar nósanna imeachta maidir le hiontráil bharúlach. Faisnéis atá le soláthar ar an ráta barúlach a ríomhtar mar chion na luachanna breithnithe a iontráladh go barúlach (do gach athróg) as líon iomlán na luachanna breithnithe.

Athbhreithniú ar shonraí – beartas

Soláthrófar faisnéis faoi aon bheartas a ceapadh chun trédhearcacht sonraí a scaiptear a áirithiú, lena ndéanfar na réamhshonraí a tiomsaíodh a athbhreithniú ina dhiaidh sin. Má dhéantar athbhreithniú ar shonraí, déanfar é sin a thuairisciú.

Athbhreithniú ar shonraí – cleachtadh

- Sceideal le haghaidh athbhreithnithe
- Na príomhchúiseanna leis na hathbhreithnithe agus a gcineál (sonraí foinse nua atá ar fáil, modhanna nua, etc.)
- Tionchar athbhreithnithe ar tháscairí

AGUS INCHOMPARÁIDEACHT COMHLEANÚNACHAS

Comhleanúnachas – tras-réimse

Comhleanúnachas - Staidreamh an Aontais maidir le hIoncam agus Dálaí Maireachtála (EU-SILC)

Cuirfear comparáid idir na hathróa ioncaim seo a leanas agus EU-SILC chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó déanfaidh na tíortha í a bhailíochtú ar bhonn na ríomhanna a dhéanfaidh Eurostat: Tairseach bhaol na bochtaineachta (EUR), an Ráta i mbaol na bochtaineachta (%), An bhearna choibhneasta i mbaol na bochtaineachta, Cóimheas idir cúigilí ioncaim S80/S20, comhéifeacht Gini.

Comhleanúnachas – Innéacsanna Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (HICP)

Cuirfear comparáid idir struchtúr an chaiteachais ar thomhaltas ar leibhéal COICOP 2 dhigit chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó déanfaidh na tíortha í a bhailíochtú ar bhonn na ríomhanna a dhéanfaidh Eurostat leis na hathróa comhfhreagracha ó HICP.

Comhleanúnachas – Cuntais náisiúnta

Cuirfear comparáid idir struchtúr an Chaiteachais ar Thomhaltas ar leibhéal COICOP 2 dhigit chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó déanfaidh na tíortha í a bhailíochtú ar bhonn na ríomhanna a dhéanfaidh Eurostat leis na hathróa comhfhreagracha ó chuntais náisiúnta.

Comhleanúnachas – inmheánach

Déanfar aon easpa comhleanúnachais i sonraí HBS a thuairisciú, in éineacht le mínithe ar neamhréireanna den sórt sin.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2095 ÓN gCOIMISIÚN
an 28 Deireadh Fómhair 2022

lena suitear bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) laistigh de chríoch an Aontais a chosc agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/138/AE

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 41(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/138/AE ón gCoimisiún ⁽²⁾ déantar foráil maidir le bearta chun leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) (“an lotnaid shonraithe”) laistigh den Aontas a chosc, maille lena thabhairt isteach san Aontas.
- (2) Maidir le ráigeanna na lotnaide sonraithe a tharla le déanaí i roinnt Ballstát agus an taithí a fuarthas le linn chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/138/AE, is léir gur gá na bearta sin a thabhairt cothrom le dáta chun cur chuige níos spriocdhírthe a bheith acu chun faireachas i ndáil le rialú a dhéanamh ar an lotnaid shonraithe i gcríoch an Aontais.
- (3) Áirítear in Airteagal 1, pointe (a), de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/138/AE liosta de phlandaí sonraithe, óstaigh na lotnaide sonraithe ar tuairiscíodh an lotnaid sin ina leith i gcríoch an Aontais. Tá na plandaí sonraithe sin faoi réir ceanglais maidir le tabhairt isteach, gluaiseacht laistigh de chríoch an Aontais, agus díothú nó imshrianadh na lotnaide sin.
- (4) Tá na plandaí sonraithe sin fós ina n-ábhar inní fiteashláintíochta. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo freisin maidir le liosta den sórt sin de phlandaí sonraithe, faoi réir na mbearta faoi seach. Tar éis an lotnaid shonraithe a aimsiú ar phlandaí *Vaccinium corymbosum*, *Melia* spp., *Ostrya* spp. agus *Photinia* spp. agus ós rud é gur plandaí óstacha den lotnaid shonraithe iad na plandaí sin, ba cheart iad a chur leis an liosta sin.
- (5) Na plandaí óstacha atá i ann i gcríoch an Aontais, is é sin plandaí de *Acer* spp., *Aesculus hippocastanum*, *Alnus* spp., *Betula* spp., *Carpinus* spp., *Chaenomeles* spp., *Citrus* spp., *Cornus* spp., *Corylus* spp., *Cotoneaster* spp., *Crataegus* spp., *Cryptomeria* spp., *Fagus* spp., *Ficus* spp., *Hibiscus* spp., *Lagerstroemia* spp., *Malus* spp., *Melia* spp., *Morus* spp., *Ostrya* spp., *Parrotia* spp., *Photinia* spp., *Platanus* spp., *Populus* spp., *Prunus laurocerasus*, *Pyrus* spp., *Rosa* spp., *Salix* spp. agus *Ulmus* spp. agus *Vaccinium corymbosum*, ba cheart iad a bheith faoi réir faireachas bliantúil chun a áirithiú go bhfuil a liosta cothrom le dáta agus bunaithe ar na forbairtí teicniúla agus eolaíocha.

⁽¹⁾ IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/138/AE ón gCoimisiún an 1 Márta 2012 a mhéid a bhaineann le bearta éigeandála chun leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) laistigh den Aontas a chosc, maille lena thabhairt isteach san Aontas (IO L 64, 3.3.2012, lch. 38).

- (6) Chun forléargas níos fearr ar láithreach na lotnaide sonraithe a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit na suirbhéanna bliantúla maidir leis an láithreach sin a threisiú agus modhanna a úsáid i gcomhréir leis an bhfaisnéis eolaíoch agus theicniúil is déanaí.
- (7) Chun an lotnaid shonraithe a dhíothú agus chun a leathadh ar chríoch an Aontais a chosc, ba cheart do na Ballstáit limistéir chríochaithe a bhunú ina mbeidh crios inmhiolaithe agus crios maolánach agus ba cheart dóibh bearta díothaithe a chur i bhfeidhm. 2 km ar leithead ba cheart a bheith sa chrios mhaolánach, mar is iomchuí sin agus cumas na lotnaide sonraithe sin í féin a leathadh á chur san áireamh.
- (8) I gcásanna aonraithe den lotnaid shonraithe, áfach, níor cheart é a bheith riachtanach limistéar críochaithe a bhunú más féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú i ndáil leis na plandaí sin, agus má tá fianaise ann gur inmhiolaíodh na plandaí sin sular tugadh isteach sa limistéar iad, nó gur cás aonraithe a aimsíodh é sin, nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid dá bharr. Is é sin an cur chuige is comhréirí, a fhad is a dheimhniú na suirbhéanna a dhéantar sa limistéar lena mbaineann nach ann don lotnaid shonraithe.
- (9) I limistéir áirithe de chríoch an Aontais, ní féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit lena mbaineann bearta a chur i bhfeidhm chun an lotnaid sin a imshrianadh laistigh de na limistéir sin, seachas iad a dhíothú. Níor cheart na bearta sin a bheith chomh dian céanna leis na bearta díothaithe, ach ba cheart cur chuige suirbhé dícheallach a áirithiú leo mar aon le níos mó gníomhaíochtaí réamhchúraim, go príomha sna criosanna maolánacha faoi seach, chun leathadh na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais a chosc.
- (10) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le gach limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh a bhfuil sé beartaithe acu é a ainmniú nó a mhodhnú, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún forléargas a fháil ar leathadh na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais, agus ionas go mbeidh siad in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo agus an limistéar sin a áireamh i liosta de limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh.
- (11) Chun a áirithiú go mbainfear láithreach na plandaí inmhiolaithe agus go gcuirfear cosc ar leathadh breise na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais, ba cheart na suirbhéanna ar na criosanna maolánacha a dhéanamh go bliantúil ag an tráth is iomchuí den bhliain agus ba cheart iad a dhéanamh le déine leordhóthanach, ag cur san áireamh go bhféadfaidh na húdaráis inniúla faireachán breise a dhéanamh ar na plandaí óstacha sna criosanna inmhiolaithe le haghaidh imshrianadh.
- (12) Maidir le speicis phlandaí arb eol go bhfuil siad soghabhálach i leith na lotnaide sonraithe a braitheadh sa limistéar críochaithe agus a fásadh ar feadh cuid dá saol ar a laghad sa limistéar críochaithe sin nó a aistríodh tríd an limistéar sin, bheadh sé níos dóchúlú go mbeadh siad inmhiolaithe leis an lotnaid shonraithe. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le ceanglais speisialta a shuí maidir le gluaiseacht na bplandaí sonraithe laistigh de chríoch an Aontais.
- (13) Chun trádáil a éascú agus sláinte plandaí a chosaint an tráth céanna, ba cheart deimhniú fíteashláintíochta a bheith ag gabháil le plandaí óstacha de thionscnamh tríú tír nach bhfuil an lotnaid sin inti, nuair a thugtar isteach i gcríoch an Aontais iad, lena n-áirítear dearbhú breise ina luaitear go bhfuil an tír sin saor ón lotnaid shonraithe.
- (14) Chun a áirithiú go mbeidh plandaí óstacha a thugtar isteach i gcríoch an Aontais ó limistéir de thríú tíortha arb eol go bhfuil an lotnaid shonraithe iontu saor ón lotnaid shonraithe, ba cheart na ceanglais maidir lena dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais a bheith comhchosúil leis na ceanglais a leagtar amach maidir le gluaiseacht plandaí sonraithe de thionscnamh limistéar críochaithe.
- (15) I bhfianaise na fianaise eolaíche agus teicniúla is déanaí, agus maidir leis na gníomhaíochtaí suirbhéireachta a dhéanann tríú tíortha chun a dheimhniú nach ann don lotnaid shonraithe i limistéir ina gcríoch nó i láithreáin táirgthe atá údaraithe i ndáil le honnmhairiú chuig críoch an Aontais, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a ghéarú.
- (16) Is iomchuí rialacha a shuí maidir le seiceálacha oifigiúla ar ghluaiseachtaí plandaí sonraithe amach as na limistéir chríochaithe go dtí an chuid eile de chríoch an Aontais, agus rialacha maidir le tabhairt isteach plandaí óstacha ó thríú tíortha i gcríoch an Aontais.
- (17) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/138/AE a aisghairm.

- (18) A mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí suirbhéireachta a dhéantar i limistéir de chríoch an Aontais arb eol nach ann don lotnaid shonraithe iontu nó i limistéir nó láithreáin táirgthe tríú tíortha, is iomchuí am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit agus do thríú tíortha na gníomhaíochtaí sin a dhearadh ionas go mbeidh leibhéal leordhóthanach muiníne staidrimh ag dul leo. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí suirbhéireachta sin ón 1 Eanáir 2025.
- (19) Na forálacha a bhaineann le suirbhéanna a dhéanamh i limistéir chríochaithe ar bhonn threoirlínte ginearálta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca ⁽³⁾, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin ón 1 Eanáir 2025 chun am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis inniúla acmhainní leordhóthanacha a phleanáil, a ullmhú agus a leithdháileadh le haghaidh suirbhéanna den sórt sin.
- (20) Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha a bhaineann leis na pleananna teagmhais ón 1 Lúnasa 2023 chun am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit na pleananna sin a ullmhú.
- (21) Na ceanglais maidir le tabhairt isteach plandaí sonraithe i gcríoch an Aontais ó thríú tíortha, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Iúil 2024 chun am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit, do na tríú tíortha agus do na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann iad féin ullmhú chun na ceanglais sin a chur chun feidhme.
- (22) Ní mór measúnú breise a dhéanamh ar riosca fiteashláintíochta na lotnaide sonraithe maidir le críoch an Aontais, ós rud é go bhfuil raon iomlán na bplandaí óstacha fós le cinneadh ar bhonn a leata laistigh de chríoch an Aontais agus ar bhonn aon fhianaise theicniúil agus eolaíoch a bhailítear ón gcuid eile den domhan. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2029 chun go bhféadfar measúnú breise a dhéanamh agus ansin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú sin.
- (23) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo bearta chun cosc a chur le tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster), i gcríoch an Aontais, agus bearta maidir lena dhíothú nó a imshrianadh má aimsítear an lotnaid sin sa chríoch sin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “lotnaid shonraithe” *Anoplophora chinensis* (Forster),
- (2) ciallaíonn “plandaí sonraithe” plandaí le haghaidh plandú a bhfuil trastomhas an ghais nó trastomhas choiléar na bhfréamhacha 1 cm nó níos mó ná sin ag a bpointe is tibhe, is é sin plandaí *Acer* spp., *Aesculus hippocastanum*, *Alnus* spp., *Betula* spp., *Carpinus* spp., *Citrus* spp., *Cornus* spp., *Corylus* spp., *Cotoneaster* spp., *Crataegus* spp., *Fagus* spp., *Lagerstroemia* spp., *Malus* spp., *Melia* spp., *Ostrya* spp., *Photinia* spp., *Platanus* spp., *Populus* spp., *Prunus laurocerasus*, *Pyrus* spp., *Rosa* spp., *Salix* spp., *Ulmus* spp. agus *Vaccinium corymbosum*,

⁽³⁾ EFSA, Treoirlínte ginearálta maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus bunaithe ar riosca, 8 Meán Fómhair 2020, DOI:10.2903/sp.efsa.2020.EN-1919.

- (3) ciallaíonn “láthair táirgthe” láthair táirgthe mar a shainmhínítear i gCaighdeán Idirnáisiúnta FAO maidir le Bearta Fíteashláintíochta (“CIBF”) Uimh. 5 (*),
- (4) ciallaíonn “plandaí óstacha” plandaí le haghaidh plandú a bhfuil trastomhas an ghais nó trastomhas choiléar na bhfréamhacha 1 cm nó níos mó ná sin acu ag an bpointe is tibhe, is é sin plandaí *Acer* spp., *Aesculus hippocastanum*, *Alnus* spp., *Betula* spp., *Carpinus* spp., *Chaenomeles* spp., *Citrus* spp., *Cornus* spp., *Corylus* spp., *Cotoneaster* spp., *Crataegus* spp., *Cryptomeria* spp., *Fagus* spp., *Ficus* spp., *Hibiscus* spp., *Lagerstroemia* spp., *Malus* spp., *Melia* spp., *Morus* spp., *Ostrya* spp., *Parrotia* spp., *Photinia* spp., *Platanus* spp., *Populus* spp., *Prunus laurocerasus*, *Pyrus* spp., *Rosa* spp., *Salix* spp., *Ulmus* spp. agus *Vaccinium corymbosum*,
- (5) ciallaíonn “plandaí táscaha” plandaí sonraithe atá plandaithe go sonrach chun tacú le luathbhrath na lotnaide sonraithe agus a úsáidtear chun faireachas a dhéanamh.

CAIBIDIL II

SUIRBHÉANNA BLIANTÚLA MAIDIR LEIS AN LOTNAID SHONRAITHE A BHEITH ANN AGUS NA PLEANANNA TEAGMHAIS

Airteagal 3

Suirbhéanna ar na plandaí óstacha sna Ballstáit

1. Déanfaidh údaráis inniúla suirbhéanna rioscabhunaithe bliantúla ar na plandaí óstacha i limistéir a gcríoch nach eol go bhfuil an lotnaid shonraithe ann chun a fháil amach an ann don lotnaid shonraithe.

Le scéim deartha agus samplála na suirbhéanna sin, beifear in ann leibhéal íseal láithreachta plandaí inmhiolaithe a bhrath laistigh den Bhallstát lena mbaineann le leibhéal leordhóthanach muiníne. Beidh na suirbhéanna bunaithe ar threoirlínte ginearálta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca.

2. Déanfar na suirbhéanna:

- (a) ar bhonn leibhéal an riosca fíteashláintíochta faoi seach,
- (b) faoi aer, agus i bplandlanna, ionaid gharraíodóireachta, ionaid trádála, limistéir nádúrtha agus uirbeacha agus láithreáin ábhartha eile de réir mar is iomchuí,
- (c) ag tráthanna iomchuí den bhliain maidir leis an bhféidearthacht an lotnaid shonraithe a bhrath, agus bitheolaíocht na lotnaide sin, láithreach agus bitheolaíocht na bplandaí óstacha, agus an fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil dá dtagraítear i gCárta Suirbhé Lotnaidí an Údaráis ar *Anoplophora chinensis* (*) á gcur san áireamh.

3. Is éard a bheidh sna suirbhéanna:

- (a) scrúdú amhairc ar phlandaí óstacha, agus
- (b) i gcás inarb iomchuí, samplaí a bhailiú agus plandaí le haghaidh plandú a thástáil.

D'fhonn comhlánú a dhéanamh ar scrúduithe amhairc, féadfar madraí bolaíochta atá oilte go sonrach a úsáid, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 4

Pleananna teagmhais

1. Suífidh gach Ballstát, i dteannta na n-oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/2031, plean teagmhach ina leagfar amach na gníomhaíochtaí atá le déanamh ar a chríoch maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) an lotnaid shonraithe a dhíothú, mar a leagtar amach in Airteagal 8,

(*) Caighdeán arna nglacadh (CIBFanna) - An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (ippc.int).

(²) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2020. Léarscáil staire maidir leis an suirbhé ar *Anoplophora chinensis* [Story map for survey of *Anoplophora chinensis*]. Foilseachán tacaíochta EFSA 2020:EN-1825. Le fáil ar líne: <https://arcg.is/19HTyn>. An nuashonrú is nua: an 24 Márta 2020.

- (b) gluaiseachtaí plandaí sonraithe laistigh de chríoch an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 10,
 - (c) na cigireachtaí oifigiúla atá le déanamh ar ghluaiseachtaí plandaí sonraithe laistigh de chríoch an Aontais agus ar ghluaiseachtaí plandaí óstacha isteach i gcríoch an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 10 agus 11,
 - (d) na hacmhainní fosta atá le cur ar fáil agus na nósanna imeachta chun na hacmhainní breise sin a chur ar fáil i gcás ina bhfuil amhras ann gur ann don lotnaid shonraithe nó i gcás ina ndeimhneofar gur ann di,
 - (e) rialacha ina sonraítear na nósanna imeachta chun úinéirí na bplandaí atá le baint a shainaitheint, fógra faoin ordú um baint a thabhairt agus rochtain a fháil ar mhaoin phríobháideach.
2. Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna teagmhais a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí, faoin 31 Nollaig gach bliain.

CAIBIDIL III

LIMISTÉIR CHRÍOCHAITHE

Airteagal 5

Limistéir chríochaithe a bhunú

1. I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil gur ann don lotnaid shonraithe, bunóidh an Ballstát lena mbaineann limistéir chríochaithe gan mhoill arb é a bheidh ann:

- (a) crios ina bhfuil na plandaí inmhiolaithe agus na plandaí sonraithe uile a d'fhéadfadh a bheith inmhiolaithe laistigh de gha 100 m timpeall ar phlandaí inmhiolaithe ("crios inmhiolaithe"),
- (b) crios maolánach atá 2 km ar a laghad ar leithead thar theorainn an limistéir inmhiolaithe.

2. Beidh teorannú an limistéir chríochaithe bunaithe ar phrionsabail eolaíocha, ar bhitheolaíocht na lotnaide sonraithe, ar leibhéal an inmhiolaithe, ar dháileadh sonrath na bplandaí óstacha sa limistéir lena mbaineann agus ar an bhfianaise gur ann don lotnaid shonraithe.

3. Chun bearta díothaithe dá dtagraítear in Airteagal 8 a dhéanamh agus i gcás ina measann an t-údarás inniúil gur féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú, agus cúinsí na ráige á gcur san áireamh, amhail a méid agus a suíomh, leibhéal an inmhiolaithe nó líon agus dáileadh na bplandaí óstacha, féadfar leithead an chreasa mhaolánaigh a laghdú go leithead nach lú ná 1 km.

4. Chun na bearta imshrianta dá dtagraítear in Airteagal 9 a ghlacadh, is crios maolánach ar leithead 4 km ar a laghad a bheidh ann.

Féadfar leithead an chreasa mhaolánaigh a laghdú go 2 km ar a laghad, agus imthosca na ráige á gcur san áireamh, amhail méid agus láthair na ráige, leibhéal an inmhiolaithe nó líon agus dáileadh na bplandaí óstacha.

5. I gcás inar deimhníodh go hoifigiúil gur ann don lotnaid shonraithe i gcrios maolánach limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh, beidh feidhm ag Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2016/2031.

Airteagal 6

Maoluithe ar limistéir chríochaithe a bhunú

1. De mhaolú ar Airteagal 5, féadfaidh na húdaráis inniúla rogha a dhéanamh gan limistéir chríochaithe a bhunú má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá fianaise ann gur tugadh an lotnaid shonraithe isteach sa limistéir leis na plandaí ar ar aimsíodh í agus go raibh na plandaí sin inmhiolaithe sular tugadh isteach sa limistéir atá i gceist iad, nó gur cás aonraithe a aimsíodh é sin, nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid dá bharr, agus

- (b) faightear nach bhfuil an lotnaid shonraithe bunaithe agus nach féidir an lotnaid shonraithe a leathadh agus a phórú ar bhealach rathúil de bharr a bitheolaíochta, ar bhonn torthaí imscrúdaithe shonraigh agus ar bhonn bearta díothaithe a rinneadh.
2. I gcás ina n-úsáideann an t-údarás inniúil an maolú dá bhforáiltear i mír 1, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) bearta a ghlacadh láithreach chun díothú pras na lotnaide sonraithe a áirithiú agus chun an fhéidearthacht go scaipfí í a chur as an áireamh,
- (b) le linn saolré amháin ar a laghad den lotnaid shonraithe móide bliain bhreise amháin, agus ceithre bliana as a chéile ar a laghad, déanfaidh sé faireachán ar leithead 1 km ar a laghad timpeall ar na plandaí inmhiolaithe nó ar an áit inar aimsíodh an lotnaid shonraithe, go rialta agus go dian le linn na chéad bhliana ar a laghad,
- (c) aon ábhar plandaí inmhiolaithe a scriosadh,
- (d) tionscnamh an inmhiolaithe agus na bplandaí a bhaineann leis an inmhiolú a rianú siar a mhéid is féidir agus scrúdú a dhéanamh ar na plandaí sin le haghaidh aon chomhartha inmhiolaithe, lena n-áirítear trí shampláil scriosach spriocdhírthe,
- (e) feacht an phobail a ardú maidir leis an mbagairt a bhaineann leis an lotnaid shonraithe, agus
- (f) aon bheart eile a dhéanamh a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, agus aird á tabhairt ar CIBF Uimh. 9 ⁽⁶⁾ agus cur chuige comhtháite á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CIBF Uimh. 14 ⁽⁷⁾.

Airteagal 7

Deireadh a chur leis an gcríochú

1. Féadfar deireadh a chur leis an gcríochú más rud é, bunaithe ar na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (h), nach mbraitear an lotnaid shonraithe i limistéar críochaithe ar feadh saolré amháin ar a laghad den lotnaid shonraithe móide bliain amháin sa bhreis, san iomlán is é sin tréimhse nach lú ná ceithre bliana as a chéile.

Chun críocha na chéad fhomhíre, beidh fad beacht shaolré na lotnaide sonraithe ag brath ar fhianaise atá ar fáil maidir leis an limistéar lena mbaineann nó le crios aeráide comhchosúil.

2. Féadfar deireadh a chur leis an gcríochú freisin i gcásanna ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(1).

CAIBIDIL IV

BEARTA DÍOTHAITHE AGUS IMSHRIANTA

Airteagal 8

Bearta díothaithe

1. Sna limistéir chríochaithe a bhfuil díothú le déanamh iontu, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta uile seo a leanas:
- (a) plandaí agus plandaí inmhiolaithe a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhiolaithe a leagan láithreach, agus a bhfréamhacha a bhaint go hiomlán,
- (b) na plandaí sonraithe uile a leagan láithreach agus a bhfréamhacha a bhaint laistigh de gha 100 m timpeall ar phlandaí inmhiolaithe, agus scrúdú a dhéanamh ar na plandaí sonraithe sin le haghaidh aon chomhartha inmhiolaithe, ach amháin i gcásanna inar aimsíodh na plandaí inmhiolaithe lasmuigh de thréimhse eiltle na lotnaide sonraithe, nuair a dhéanfar an leagan agus an bhaint in am roimh thús na chéad tréimhse eiltle eile,

⁽⁶⁾ Guidelines for pest eradication programmes — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 9 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh.

⁽⁷⁾ The use of integrated measures in a systems approach for pest risk management — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 14 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh.

- (c) plandaí a leagadh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) agus a bhfréamhacha a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt go sábháilte, agus gach réamhchúram is gá a dhéanamh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint le linn an leagain agus dá éis,
- (d) toirmeasc ar aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith inmhiolaithe a aistriú amach as an limistéar críochaithe,
- (e) imscrúdú ar thionscnamh an inmhiolaithe trí na plandaí a rianú siar a mhéid is féidir agus scrúdú ar na plandaí sin le haghaidh aon chomhartha inmhiolaithe, lena n-áirítear trí shampláil scriosach spriocdhírthe,
- (f) speicis plandaí neamh-shoghabhálacha eile a chur in ionad plandaí sonraithe, i gcás inarb iomchuí,
- (g) toirmeasc ar phlandaí sonraithe nua a phlandáil taobh amuigh den limistéar dá dtagraítear i bpointe (b), seachas na láithreacha táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 10(1),
- (h) suirbhéanna arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus (3), ar na plandaí óstacha sa limistéar críochaithe, ag díriú go sonrach ar an gcrios maolánach, chun teacht ar an lotnaid shonraithe agus lena n-áirítear, nuair is iomchuí, sampláil scriosach spriocdhírthe arna ndéanamh ag an údarás inniúil agus an líon samplaí sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a chur in iúl,
- (i) i gcásanna plandaí táscacha, beidh na plandaí sin faoi réir cigireachtaí uair amháin sa mhí ar a laghad agus déanfar iad a scriosadh agus a scrúdú tar éis dhá bhliain ar a dhéanaí,
- (j) feasacht an phobail a ardú maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta arna nglacadh chun tabhairt isteach na lotnaide sin agus a leathadh laistigh de chríoch an Aontais a chosc, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le gluaiseacht plandaí sonraithe ón limistéar críochaithe,
- (k) i gcás inar gá, bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar aon sainiúlacht nó castacht a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go gcuirfeadh sé cosc, bac nó moill ar dhíothú, go háirithe na bearta sin a bhaineann le hinrochtaineacht agus díothú leordhóthanach na bplandaí uile atá inmhiolaithe nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhiolaithe, gan beann ar a suíomh, ar úinéireacht phoiblí nó phríobháideach ná ar an duine á ar an eintiteas atá freagrach astu,
- (l) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta Uimh. 9 ⁽⁸⁾ agus le cur chuige córas a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CIBF Uimh. 14 ⁽⁹⁾.

I gcás na chéad fhomhíre, pointe (a), nuair nach féidir stumpaí agus fréamhacha dromchla atá fréamhaithe go domhain a bhaint, cuirfeadh sa talamh iad go pointe 40 cm ar a laghad faoi bhun leibhéal an dromchla, nó beidh siad clúdaithe le hábhar feithid-díonach.

Treiseofar na suirbhéanna dá dtagraítear i mír (1), pointe (h), i gcomparáid leis na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 3.

Beidh na suirbhéanna sa chrios maolánach bunaithe ar threoirilínthe ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear sa chrios maolánach, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhiolaithe 1 % ar a laghad a shainaitheint le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad.

2. De mhaolú ar mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), i gcás ina dtagann údarás inniúil ar an gconclúid nach bhfuil an leagan iomchuí do líon teoranta plandaí aonair, mar gheall ar an luach sóisialta, cultúrtha nó comhshaoil ar leith atá acu, beidh na plandaí aonair sin faoi réir scrúdú aonair míosúil i leith aon chomhartha inmhiolaithe agus i leith bearta malartacha ar leagan lena n-áirítear ardleibhéal cosanta chun cosc a chur ar leathadh féideartha na lotnaide sonraithe ó na plandaí sin.

Déanfar na cúiseanna leis an gconclúid sin agus na bearta arna nglacadh dá thoradh a chur in iúl don Choimisiún sa tuarascáil faoi Airteagal 13.

⁽⁸⁾ Guidelines for pest eradication programmes — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 9 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh. Arna bhfoilsíú an 15 Nollaig 2011.

⁽⁹⁾ The use of integrated measures in a systems approach for pest risk management — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 14 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh. Arna fhoilsíú an 8 Eanáir 2014.

*Airteagal 9***Bearta imshrianta**

1. Nuair a dheimhnítear le torthaí na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (h), gur ann don lotnaid shonraithe i limistéar ar feadh níos mó ná ceithre bliana as a chéile agus go bhfuil fianaise ann nach féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú a thuilleadh, féadfaidh na húdaráis inniúla na bearta a theorannú d'imshrianadh na lotnaide sonraithe.

Sna limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta seo a leanas:

- (a) cuirfear tús láithreach le leagan plandaí inmhiolaithe agus plandaí a bhfuil siomptóim orthu a bhfuil an lotnaid shonraithe ina cúis leo, agus bainfear a bhfréamhacha go hiomlán, cuirfear na gníomhaíochtaí uile i gcrích in am roimh thús na chéad tréimhse eitle eile,
- (b) plandaí a leagadh agus a bhfréamhacha a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt, agus gach réamhchúram is gá a dhéanamh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint le linn an leagain agus dá éis,
- (c) toirmeasc ar aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith inmhiolaithe a aistriú amach as an limistéar críochaithe,
- (d) i gcás inarb iomchuí, plandaí neamh-shoghabhálacha eile a chur in ionad plandaí sonraithe,
- (e) toirmeasc ar phlandaí sonraithe nua a phlandáil faoin aer sa chrios inmhiolaithe, seachas sna láithreacha táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 10(1),
- (f) suirbhéanna arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus (3), ar na plandaí óstacha sa chrios maolánach ar láithreach na lotnaide sonraithe, ag tráthanna iomchuí agus lena n-áirítear, nuair is iomchuí, sampláil scriosach spriocdhírithé,
- (g) i gcásanna ina n-úsáidtear plandaí táscacha, beidh na plandaí sin faoi réir cigireachtaí uair amháin sa mhí ar a laghad agus déanfar iad a scriosadh agus a scrúdú tar éis dhá bhliain ar a dhéanaí,
- (h) feacht an phobail a ardú maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta arna nglacadh chun tabhairt isteach na lotnaide sin agus a leathadh laistigh de chríoch an Aontais a chosc, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le gluaiseacht plandaí sonraithe amach as an limistéar críochaithe arna bhunú de bhun Airteagal 5,
- (i) i gcás inar gá, bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar aon sainiúlacht nó castacht a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go gcuirfeadh sé cosc, bac nó moill ar imshrianadh, go háirithe na bearta sin a bhaineann le hinrochtaineacht agus leagan agus scriosadh leordhóthanach na bplandaí uile atá inmhiolaithe nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhiolaithe, gan beann ar a suíomh, ar a núinéireacht ná ar an duine ná ar an eintiteas atá freagrach astu,
- (j) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a imshrianadh.

I gcás an dara fómhír, pointe (a), nuair nach féidir stumpaí agus fréamhacha dromchla atá fréamhaithe go domhain a bhaint, cuirfear sa talamh iad go pointe 40 cm ar a laghad faoi bhun leibhéal an dromchla, nó beidh siad clúdaithe le hábhar feithid-díonach.

Treiseofar na suirbhéanna dá dtagraítear sa dara fómhír, pointe (f) i gcomparáid leis na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 3.

Beidh na suirbhéanna sin bunaithe ar threoirilínte ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhiolaithe 1 % ar a laghad a shainiú le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le gach limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh a bhfuil sé beartaithe acu a ainmniú nó a mhodhnú.

CAIBIDIL V

GLUISEACHTAÍ LAISTIGH DE CHRÍOCH AN AONTAIS

Airteagal 10

Gluisreachtaí laistigh de chríoch an Aontais

1. Plandaí sonraithe de thionscnamh limistéar críochaithe arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 5, ní fhéadfar iad a aistriú amach as na limistéir chríochaithe ná amach as na criosanna inmhiolaithe isteach sna criosanna maolánacha ach amháin má ghabhann pas plandaí leo arna ullmhú agus arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 78 go 95 de Rialachán (AE) 2016/2031, agus má fásadh iad ar feadh dhá bhliain ar a laghad roimh an ngluaiseacht, nó i gcás plandaí atá níos óige ná dhá bhliain d'aois, ar feadh a saoil, i láthair táirgthe a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas ar fad:

- (a) cláraítear é i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/2031,
- (b) rinneadh dhá chigireacht oifigiúla ar a laghad uirthi gach bliain le haghaidh aon chomhartha den lotnaid shonraithe, agus sin déanta ag tráthanna iomchuí, agus níor aimsíodh aon chomhartha den sórt sin,
- (c) tá sí suite i limistéar críochaithe ina ndearnadh suirbhéanna oifigiúla maidir le láithreacht nó comharthaí na lotnaide sonraithe gach bliain laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall an láithreáin ag tráthanna iomchuí agus níor aimsíodh aon lotnaid shonraithe nó comharthaí inti agus i gcás inar fásadh na plandaí i suíomh:
 - (i) lena mbaineann cosaint fhisiceach ar thabhairt isteach na lotnaide sonraithe,
nó
 - (ii) ina bhfuil cóireálacha coisctheacha iomchuí curtha i bhfeidhm, nó
 - (iii) ina ndéantar sampláil scriosach spriocdhírthe ar gach lota plandaí sonraithe roimh a ghluaiseacht.

Cuimseofar sna cigireachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), sampláil scriosach spriocdhírthe ar fhréamhacha agus ar ghais plandaí. Beidh méid an tsampla a bhfuil cigireacht le déanamh air leordhóthanach chun leibhéal inmhiolaithe 1 % ar a laghad a aimsiú ar leibhéal muiníne 99 %.

Déanfar an tsampláil scriosach spriocdhírthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), ar an leibhéal a leagtar amach sa tábla in Iarscríbhinn II.

Beidh na suirbhéanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c) bunaithe ar threoirlínte ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhiolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad.

Fréamhstoic a fhástar i láthair táirgthe agus a chomhlíonann ceanglais uile na chéad fhomhíre, féadfar iad a bheangú le beangáin nár fásadh faoi na coinníollacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ach nach bhfuil níos mó ná 1 cm ar trastomhas ag a bpointe is tibhe.

2. Plandaí sonraithe nach de thionscnamh limistéar críochaithe iad, ach a thugtar isteach i láthair táirgthe sna limistéir sin, ní fhéadfar iad a aistriú laistigh de chríoch an Aontais ach amháin má chomhlíonann an láthair táirgthe sin na ceanglais atá leagtha amach i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (c), agus ní fhéadfar sin a dhéanamh ach amháin má tá pas plandaí dá dtagraítear i mír 1 ag gabháil leis na plandaí sin.

3. Plandaí sonraithe a allmhairítear ó thríú tíortha, áit arb eol an lotnaid shonraithe a bheith ann, i gcomhréir le Caibidil VI, ní fhéadfar iad a aistriú laistigh de chríoch an Aontais ach amháin má tá an pas plandaí dá dtagraítear i mír 1 ag gabháil leo.

CAIBIDIL VI

PLANDAÍ SONRAITHE DE THIONSCNAMH TRÍÚ TÍR A THABHAIRT ISTEACH I gCRÍOCH AN AONTAIS

Airteagal 11

Plandaí de thionscnamh tríú tír arb eol nach ann don lotnaid shonraithe inti

Plandaí sonraithe de thionscnamh tríú tír, áit arb eol nach ann don lotnaid shonraithe inti, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) chuir eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann in iúl i scríbhinn don Choimisiún gurb eol nach ann don lotnaid shonraithe sa tír sin, agus
- (b) tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leis na plandaí óstacha ina luaitear, faoin rúbric “Dearbhú Breise” nach ann don lotnaid shonraithe sa tríú tír lena mbaineann.

Airteagal 12

Plandaí sonraithe de thionscnamh tríú tíortha arb eol gur ann don lotnaid shonraithe iontu

1. Plandaí sonraithe de thionscnamh tríú tíortha arb eol gur ann an lotnaid shonraithe iontu, beidh deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo ina léireofar faoin rúbric “Dearbhú Breise” ceann díobh seo a leanas:

- (a) fásadh na plandaí ar feadh a saoil i láthair táirgthe atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht na heagraíochta náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh agus atá suite i limistéar saor ó lotnaidí arna bhunú ag an eagraíocht sin i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta agus ar bhonn suirbhéanna oifigiúla,
- (b) fásadh na plandaí ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad roimh a n-onnmhairiú nó i gcás plandaí atá níos óige ná dhá bhliain, fásadh iad ar feadh a saoil i láthair táirgthe:
 - (i) inar suíodh go bhfuil sí saor ó lotnaidí sonraithe i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta,
 - (ii) atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag an eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh,
 - (iii) ar a ndearnadh dhá chigireacht oifigiúla ar a laghad gach bliain le haghaidh aon chomhartha den lotnaid shonraithe, agus sin déanta ag tráthanna iomchuí, agus nár aimsíodh aon chomhartha den lotnaid inti, agus
 - (iv) inar fásadh na plandaí i láithreán:
 - lena mbaineann cosaint fhisiceach ar thabhairt isteach na lotnaide sonraithe, nó
 - inar cuireadh i bhfeidhm cóireálacha coiscithe iomchuí agus a bhfuil crios maolánach a bhfuil leithead 1 km ar a laghad aige timpeall air ina ndéantar suirbhéanna oifigiúla go bliantúil ag tráthanna iomchuí chun a fháil amach an ann don lotnaid shonraithe, agus
 - (v) ina raibh na coinsíneachtaí plandaí, díreach sula ndearnadh onnmhairiú, faoi réir cigireacht oifigiúil chun an lotnaid shonraithe a aimsiú, go háirithe ar fhréamhacha agus ar ghais, lena n-áirítear sampláil scriosach, nó
- (c) fásadh na plandaí ó fhréamhstoic a chomhlíonann ceanglais phointe (b), nó atá beangaithe le beangáin a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:
 - (i) tráth an onnmhairithe, ní mó ná 1 cm ar trastomhas na beangáin bheangaithe ag a bpointe is tibhe, agus
 - (ii) iniúchadh na plandaí beangaithe i gcomhréir le pointe (b)(iii).

Luafar ainm an limistéir saor ó lotnaidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), faoin rúbric “láthair tionscnaimh”.

Na suirbhéanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), bhí siad bunaithe ar threoirlínte ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear, bhíothas in ann leibhéal íseal láithreachta plandaí inmhiolaithe a shainaitheint ar leibhéal muiníne leordhóthanach.

Na suirbhéanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b)(iv), an dara fleasc, bhí siad bunaithe ar threoirlínte ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear, bhíothas in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhiolaithe 1 % ar a laghad a shainaitheint le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad. I gcás inar aimsíodh comharthaí gur ann don lotnaid shonraithe, rinneadh bearta díothaithe láithreach chun an crios maolánach a fhágáil saor ón lotnaid.

Beidh méid an tsampla a bhfuil an chigireacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b)(v) le déanamh air leordhóthanach chun leibhéal inmhiolaithe 1 % ar a laghad a aimsiú ar leibhéal muiníne 99 %.

2. Maidir le plandaí sonraithe arna dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais i gcomhréir le mír 1, déanfar cigireacht orthu ag an bpointe iontrála nó ag na pointí rialaithe formheasta.

Beidh sé d'aidhm ag na modhanna iniúchta a chuirfear i bhfeidhm aon chomhartha den lotnaid shonraithe a bhrath, go háirithe i bhfréamhacha agus i ngais, agus cuimseoidh na modhanna sin sampláil scriosach spriocdhírthe. Beidh méid an tsampla a bhfuil cigireacht le déanamh air leordhóthanach chun leibhéal inmhiolaithe 1 % ar a laghad a aimsiú ar leibhéal muiníne 99 %, agus aird á tabhairt ar CIBF Uimh. 31 ⁽¹⁰⁾.

3. Déanfar an tsampláil scriosach spriocdhírthe dá dtagraítear san Airteagal seo ar an leibhéal a leagtar amach sa tábla in Iarscríbhinn II.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 13

Tuairisciú ar bhearta

Faoin 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile maidir leis na bearta a glacadh le linn na bliana roimhe sin de bhun an Rialacháin seo agus maidir le torthaí na mbearta dá bhforáiltear in Airteagal 3 go 9.

Cuirfear torthaí na suirbhéanna a dhéanfar de bhun Airteagal 8 agus 9 faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 14

Comhlíontacht

De réir mar is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit na bearta a ghlac siad chun a gcríoch a chosaint ar thabhairt isteach agus leathadh na lotnaide sonraithe a aisghairm nó a leasú. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aisghairm nó leasú na mbearta sin.

⁽¹⁰⁾ *Methodologies for sampling of consignments* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 31 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh.

*Airteagal 15***Aisghairm**

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/138/AE, cé is moite d'Airteagail 2 agus 3 agus d'larscríbhinn I a aisghairtear le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

*Airteagal 16***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 11 agus 12, cé is moite d'Airteagal 12(1), an tríú agus an ceathrú fómhír, ón 1 Eanáir 2024.

Beidh feidhm ag Airteagal 4 ón 1 Lúnasa 2023.

Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón 1 Eanáir 2025:

- (a) Airteagal 3(1), an dara fómhír,
- (b) Airteagal 8(1), an ceathrú fómhír,
- (c) Airteagal 9(1), an cúigiú fómhír,
- (d) Airteagal 10(1), an ceathrú fómhír,
- (e) Airteagal 12(1), an tríú fómhír agus an ceathrú fómhír.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2029.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

2. Treoracha maidir le conas an teimpléad a líonadh isteach

Má líontar isteach an teimpléad seo, níl an teimpléad i gCuid B den Iarscríbhinn seo le líonadh isteach.

- Le haghaidh cholún 1: Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (LC) sin a shainithint agus an dáta ar bunaíodh é.
- Le haghaidh cholún 2: Sonraigh méid an LC roimh thús an tsuirbhé.
- Le haghaidh cholún 3: Sonraigh méid an LC i ndiaidh an tsuirbhé.
- Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú nó imshrianadh. Cuir isteach an oiread rónna is gá, de réir an lín LCanna in aghaidh na lotnaide agus na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir seo faoina réir.
- Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an LC ina ndearnadh an tsuirbhé, agus cuir isteach an oiread rónna is gá: Crios inmhiolaithe (CI) nó crios maolánach (CM), agus sraitheanna ar leith á n-úsáid. #Nuair is infheidhme, sonraigh limistéar an CM ina ndearnadh an tsuirbhé (e.g. an 20 km deiridh in aice leis an CI, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.
- Le haghaidh cholún 6: Sonraigh uimhir na láithreán tsuirbhé agus tuairisc orthu, trí cheann amháin (nó níos mó ná sin) de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:
1. Faoin aer (limistéar táirgthe):
 - 1.1. gort (arúil, féarach);
 - 1.2. úllord/fíonghort;
 - 1.3. plandlann;
 - 1.4. foraois;
 2. Faoin aer (eile):
 - 2.1. gairdín príobháideach;
 - 2.2. láithreáin phoiblí;
 - 2.3. limistéar caomhnaithe;
 - 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad;
 - 2.5. eile, agus an cás áirithe sonraithe (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála, etc.);
 3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil:
 - 3.1. teach gloine;
 - 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine;
 - 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine;
 - 3.4. eile, agus an cás áirithe sonraithe (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).
- Le haghaidh cholún 7: Sonraigh cé na limistéir riosca a sainithníodh bunaithe ar bhitheolaíocht na lotnaide nó na lotnaidí, láithreach plandaí óstacha, dálaí éicea-aeráide agus suíomhanna riosca.
- Le haghaidh cholún 8: Sonraigh na limistéir riosca a áirítear sa tsuirbhé, ó na cinn sin a shainithnítear i gcolún 7.

2. Treoracha maidir le conas an teimpléad a líonadh isteach

Má líontar isteach an teimpléad seo, níl an teimpléad i gCuid A den Iarscríbhinn seo le líonadh isteach.

Mínigh na toimhdí bunúsacha le haghaidh dhearadh an tsuirbhé in aghaidh na lotnaide. Déan achoimre orthu seo a leanas agus tabhair údar leo:

- an spriocphobal, an t-aonad eipidéimeolaíoch agus na haonaid chigireachta;
- an modh braite agus íogaireacht an mhodha;
- an toisc riosca nó na tosca riosca, agus sonraigh na leibhéil riosca agus rioscaí coibhneasta comhfhreagracha agus cion coibhneasta comhfhreagrach an phobail plandaí óstacha.

Le haghaidh cholún 1: Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (LC) sin a shainaithint agus an dáta ar bunaíodh é.

Le haghaidh cholún 2: Sonraigh méid an LC roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Sonraigh méid an LC i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú nó imshrianadh. Cuir isteach an oiread rónna is gá, de réir an lín LCanna in aghaidh na lotnaide agus na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir seo faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an LC ina ndearnadh an suirbhé, agus cuir isteach an oiread rónna is gá: Crios inmhiolaithe (CI) nó crios maolánach (CM), agus sraitheanna ar leith á n-úsáid. I gcás inarb infheidhme, sonraigh limistéar an CM ina ndearnadh an suirbhé (e.g. i bhfoisceacht 20 km den CI, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) ar rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Sonraigh uimhir na láithreán suirbhé agus tuairisc orthu, trí cheann amháin (nó níos mó ná sin) de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:

1. Faoin aer (limistéar táirgthe):

- 1.1 gort (arúil, féarach);
- 1.2. úllord/fíonghort;
- 1.3. plandlann;
- 1.4. foraois;

2. Faoin aer (eile):

- 2.1. gairdín príobháideach;
- 2.2. láithreáin phoiblí;
- 2.3. limistéar caomhnaithe;
- 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad;
- 2.5. eile, agus an cás áirithe sonraithe (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogair, gréasán uisciúcháin agus draenála, etc.);

3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil:

- 3.1. teach gloine;
- 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine;

3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine;

3.4. eile, agus an cás áirithe sonraithe (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).

- Le haghaidh cholún 7: Sonraigh na míonna den bhliain ina ndearnadh na suirbhéanna.
- Le haghaidh cholún 8: Sonraigh an spriocphobal a roghnaíodh agus soláthair dá réir liosta na speiceas/géineas agus an limistéar a cumhdaíodh. Sainmhínítear an spriocphobal mar iomlán na n-aonad cigireachta. Is iondúil go sainítear a mhéid ina heicteáir i gcás limistéir talmhaíochta, ach d'fhéadfadh sé gur lota, páirceanna, tithe gloine etc. a bheadh i gceist. Sonraigh údar leis an rogha a dhéantar sna toimhdí bunúsacha. Sonraigh na haonaid chigireachta a ndearnadh suirbhé orthu. Ciallaíonn 'aonad cigireachta' plandaí, codanna plandaí, tráchtarraí, ábhair, veicteoirí lotnaidí a ndearnadh grinnscrúdú orthu chun na lotnaidí a shainaithint agus a bhrath.
- Le haghaidh cholún 9: Sonraigh na haonaid eipidéimeolaíoch a ndearnadh suirbhé orthu, lena n-áirítear tuairisc orthu agus a n-aonad tomhais. Ciallaíonn 'aonad eipidéimeolaíoch' limistéar aonchineálach ina mbeadh an eipidéimeolaíocht chéanna ina toradh ar na hidirghníomhaíochtaí idir an lotnaid, na plandaí óstacha agus na tosca agus na dálaí aibitheacha agus bitheacha, dá mba ann don lotnaid. Is fo-rannán den spriocphobal iad na haonaid eipidéimeolaíoch a atá aonchineálach ó thaobh na heipidéimeolaíochta de le planda óstach amháin ar a laghad. I gcásanna áirithe, féadfar an pobal óstach iomlán i réigiún/limistéar/tír a shainiú mar aonad eipidéimeolaíoch. D'fhéadfadh sé gur réigiún iad um aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (réigiún NUTS), limistéir uirbeacha, foraoisí, gairdíní róis nó feirmeacha, nó heicteáir. Ní mór údar a thabhairt sna toimhdí bunúsacha le rogha na n-aonad eipidéimeolaíoch.
